An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta do na blianta 2022/2023

**De bhun Alt 7(2) (f) agus (g) de na hAchtanna um an Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 go dtí 2015**
**1 Nósanna**

# Clár na nÁbhar


Gluais téarmaí....2

Liosta de ghiorrúcháin ceannlitreacha ....3

**1 Réamhrá....4**

1.1 Clárú faoi réir coinníollacha ....4

1.2 Coinníollacha maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta....4

1.3 Coinníollacha eile clárúcháin ....5

1.4 Tréimhsí ama maidir le coinníollacha clárúcháin a chur i gcrích ....6

1.5 Coinníollacha agus Fostaíocht maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta ....6

1.6 Cáilíochtaí oideachais múinteoirí ar baineadh amach san Aontas Eorpach (AE)/ tíortha an Limistéir

Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)....6

2 Droichead - An Creat Comhtháite maidir le hIonduchtúchán Gairme ....8

**2.1 Nósanna imeachta agus critéir don phróiseas *Droichead***

(Bunoideachas & Iar-Bhunoideachas) ....8

2.1.1 Próiseas Droichead ....8

2.1.2 Suíomhanna inar féidir leis an bpróiseas Droichead

a bheith ar siúl ....9

2.1.3 An íostréimhse riachtanach maidir le cleachtadh gairmiúil....9

2.1.4 Snáithe bunaithe ar an scoil (Snáithe A) ....10

2.1.5 Bearta foghlama gairmiúla breise

(Snáithe B) ....11

2.1.6 Caighdeáin mar lón treorach agus tacaíochta i ndáil leis an

bPróiseas Droichead....11

2.1.7 Taifid maidir leis an bpróiseas Droichead a choimeád . 11

2.1.8 An Próiseas Droichead a thabhairt chun críche....12

2.1.9 Comhleanúnachas agus dearbhú cáilíochta....12

2.1.10 Treoir bhreise ....12

**3 Iar-Phróisis Thraidisiúnta....13**

3.1 Iar-Nósanna imeachta agus iar-chritéir maidir le promhadh 13

3.1.1 An Riachtanas Seirbhíse ....13

3.1.2 Múinteoirí a ndearnadh a bpromhadh roimhe seo i suíomh teoranta 13

3.2 Nósanna imeachta agus critéir maidir le fostaíocht iarcháilíochta 14

3.2.1 An coinníoll clárúcháin maidir le fostaíocht iarcháilíochta (FI) 14

3.2.2 An Riachtanas Seirbhíse ....14

3.2.3 An Próiseas Fostaíochta Iarcháilíochta a thabhairt chun críche ....15

3.2.4 Eolas Breise ....15

3.3 Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an gClár Ceardlann ionduchtúcháin ....16

3.3.1 An Clár Ceardlann ionduchtúcháin

(bunoideachas & iar-bhunoideachas)....16

**4 *Droichead* agus gluaiseacht idir scoileanna ......18**

**5 Sonraí teagmhála ....19**

**Aguisín 1:** Amlínte don Chéim Fáis maidir leis an bpróiseas Droichead ....20

**Aguisín 2:** Droichead: Treoir Ghairid (Bunoideachas & Iar-Bhunoideachas)....21

**Aguisín 3:** Treoir Leagáide um Choinníollacha maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta ....23

**Aguisín 4:** Caighdeáin maidir le Droichead ....24

**Aguisín 5:** Eolas Leagáide maidir le Promhadh (Bunoideachas) ....25

**Aguisín 6:** Critéir Leagáide maidir le Cigireachtaí Promhaidh ....30

**Aguisín 7:** Rialacháin Chlárúcháin 2016....31

# Gluais téarmaí

### *Comhalta*

Is múinteoir lánchláraithe atá i mbun cleachtais an comhalta ag a bhfuil taithí freisin ar mheantóireacht agus/nó ar éascaíocht maidir leis an gClár Ionduchtúcháin, atá ainmnithe ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) chun tacú leis an bpróiseas Droichead.

### *Ionad Oideachais*

Ciallaíonn Ionad Oideachais áit, seachas scoil nó áit ina gcuirtear oideachas ollscoile nó tríú leibhéal ar fáil, ina bhfuil ceadaithe oideachas do dhaoine fásta nó breisoideachas nó gairmoideachas nó gairmoiliúint a chur ar fáil agus atá leagtha amach chun na críche sin. Is féidir leis an Aire (an tAcht Oideachais, 1998) áit a ainmniú mar Ionad Oideachais ó am go chéile.

### *Cnuaschruinnithe*

Tá cnuaschruinnithe mar chuid den phróiseas Droichead. Freastalaíonn múinteoirí nuacháilithe (MNC) ar chnuaschruinniú amháin in aghaidh an téarma in ionad oideachais áitiúil nó ar líne. Déanann an CNIM éascaíocht i ndáil leis an gcruinniú agus sin i gcomhar leis an ngrúpa de MNCanna. Déantar clár oibre an chruinnithe a leagan amach i gcomhar leis na MNCanna agus d'fhéadfadh go mbeadh plé á dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha den phróiseas Droichead amhail an próiseas breathnóireachta, comhráite gairmiúla, Taisce, etc.

### *Córas Leanúnach Oiliúint an Mhúinteora*

Cuntas ar na bearta oideachais agus forbartha foirmiúla agus neamhfhoirmiúla a dtugann múinteoirí fúthu, mar fhoghlaimeoirí feadh saoil le linn a ngairm mhúinteoireachta. Tugtar san áireamh an oiliúint tosaigh múinteoireachta, ionduchtúchán, luathfhorbairt ghairmiúil agus forbairt leanúnach ghairmiúil agus cúnamh taca níos faide amach ina ngairm.

### *Droichead*

Droichead, creat comhtháite maidir le hionduchtúchán gairmiúil, lena n-áirítear bearta foghlamtha bunaithe ar an scoil agus bearta breise maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil trína ndéantar freastal do riachtanais an mhúinteora i dtús a ngairme. Tá feidhm le Droichead i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna agus in Ionaid Oideachais ina mbíonn ábha(i)r de chuid an churaclam iar-bhunscolaíochta á múineadh, sa chás go bhfuil na scoileanna nó na hionaid sin cláraithe ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) maidir le rannpháirtíocht sa phróiseas Droichead.

### *Ionad Oideachais*

Is áiteanna iad na hionaid oideachais ina bhfuil bearta agus cláir foghlama ghairmiúla do mhúinteoirí á gcur ar fáil. Tá na Cnuaschruinnithe don phróiseas Droichead agus na cláir Ceardlann Ionduchtúcháin ó na próisis thraidisiúnta araon ar fáil sna hionaid oideachais.

### *Clár Ceardlann Ionduchtúcháin*

Is clár foghlama solúbtha atá sa Chlár Ceardlann Ionduchtúcháin, arna mhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, atá leagtha amach chun freastal do riachtanais faoi leith na múinteoirí nuacháilithe maidir le foghlaim ghairmiúil.

Leis an gclár a bhfuil comhordú á dhéanamh ina leith ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM), cuirtear leis an bhfoghlaim a rinneadh mar chuid den oiliúint tosaigh do mhúinteoirí. Is féidir le MNC an clár a chur in oiriúint de réir

a c(h)áis áirithe féin. Éilítear ar MNCanna ar promhadh (bunscolaíocht) nó fostaíocht iarcháilíochta (iar-bhunscolaíocht) an modh clárúcháin atá acu,

tabhairt faoi 20 uair a chloig ar a laghad d'fhoghlaim ghairmiúil agus is féidir bearta foghlama gairmiúla bunaithe ar an scoil a chur in éineacht le ceardlanna ar láthair eile chun an riachtanas sin a chomhlíonadh.

### *Meantóir*

Is múinteoir lán taithí an meantóir a bhfuil clár forbartha gairmiúla déanta aige nó aici leis an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM). Tugann meantóir cúnamh taca maidir le foghlaim ghairmiúil an mhúinteora nuacháilithe agus déantar éascaíocht, i gcomhar le comhghleacaithe, maidir le hionduchtúchán an mhúinteora sa scoil agus i ngairm na múinteoireachta.

Tugann meantóir cúnamh taca maidir le foghlaim ghairmiúil an mhúinteora nuacháilithe agus déantar éascaíocht, i gcomhar le comhghleacaithe, maidir le hionduchtúchán an mhúinteora sa scoil agus i ngairm na múinteoireachta.

### *An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM)*

Seirbhís tacaíochta arna mhaoiniú ag an Stát atá sa Chlár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí. Déantar comhordú maidir le clár ionduchtúcháin ilghnéitheach do mhúinteoirí a chur ar fáil. Cuidíonn meitheal comhaltaí (féach thuas)

leis an obair a dhéanann comhaltaí lánaimseartha (Oifigigh Forbartha Réigiúnaí).

### *Múinteoir Nuacháilithe (FI)*

Múinteoir a shásaíonn riachtanais na Comhairle maidir le cáilíochtaí ach nach bhfuil cleachtadh gairmiúil curtha isteach aige nó aici ar feadh na tréimhse is gá. Sa cháipéis seo, is tagairt múinteoirí nuacháilithe (FI) d'aon mhúinteoir nuacháilithe atá i dtús

a ré múinteoireachta, nó múinteoir atá ag filleadh ar an múinteoireacht tar éis tréimhse neamhláithreachta, gan bheann ar dháta na cáilíochta.

### *Rannpháirtíocht i bPróiseas Droichead*

Cuirtear samhail ionduchtúcháin ghairmiúil Droichead, arna forbairt ag an gComhairle, ar fáil i scoileanna atá rannpháirteach i bpróiseas Droichead. Tugann múinteoirí nuacháilithe i scoileanna den sórt sin faoi chleachtadh gairmiúil le cúnamh taca ar a dtugtar próiseas Droichead, faoi mar a leagtar amach go sonrach thuas, ar feadh tréimhse áirithe.

### *Fostaíocht Iarcháilíochta (FI)*

Bhí fostaíocht iarcháilíochta (FI) de choinníoll leis an gclárúchán i gcás na múinteoirí nuachláraithe iar-bhunscoile ar fad nach bhfuil ag dul faoin bpróiseas Droichead, faoi mar a leagtar amach go sonrach thuas. Chun coinníoll an FI a chomhlíonadh, ní mór do na múinteoirí

tréimhse d'fhostaíocht iarcháilíochta a chur i gcrích. Tá sé sin ar fáil i gcúinsí eisceachtúla amháin do mhúinteoirí a chláraigh leis an gComhairle roimh an 1 Meitheamh 2020 agus a bhfuil an FI i gceangal lena gclárúchán.

### *Coinníoll maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta*

Ar tréimhse de chleachtadh faoi mhaoirseacht é, lena gcomhlíontar riachtanais na Comhairle Múinteoireachta maidir leis na nósanna imeachta atá leagtha amach i ndáil le hionduchtúchán múinteoirí isteach i ngairm na múinteoireachta agus na nósanna imeachta agus critéir a bhí leagtha síos roimhe seo do phromhadh na múinteoirí lena n-áirítear tréimhsí nó promhadh.  Níl socrúchán múinteoirí san áireamh agus baineann sé le cleachtadh cuí iarcháilíochta amháin.

### *Promhadh*

Bhí promhadh mar choinníoll clárúcháin a bhí curtha i bhfeidhm ar na múinteoirí bunscoile nuachláraithe uile. Rinneadh an coinníoll a ghlanadh nuair a léirigh an múinteoir don Chomhairle go raibh critéir áirithe iarcháilíochta sásaithe aige/aici. Níl promhadh ar fáil a thuilleadh.

Ní mór do mhúinteoirí an próiseas Droichead a chur i gcrích anois.

### *Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG)*

Foireann múinteoirí lán taithí agus lánchláraithe atá san Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a oibríonn go comhoibríoch chun cúnamh taca agus meantóireacht a chur ar fáil don mhúinteoir nuacháilithe le linn phróiseas Droichead agus a t(h)eacht isteach sa scoil agus a t(h) osach amach ar shlí gairme an mhúinteora. Éilítear ar gach comhalta den fhoireann tacaíochta gairmiúla (FTG) forbairt ghairmiúil Droichead a chur i gcrích arna cur ar fáil ag an gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM).

### *Taisce: Foghlaim Bunaithe ar Phunann*

Déanann múinteoirí atá ag dul faoin bpróiseas Droichead punann foghlama ghairmiúil a thiomsú le himeacht aimsire chun tacú le próiseas an mhachnaimh maidir leis an gcleachtadh. D'fhéadfadh an punann a bheith ina ábhar cainte le linn na gcomhráite gairmiúla atá ríthábhachtach maidir le próiseas Droichead agus ligtear don MNC réimsí a thabhairt chun suntais ina bhféadfadh cúnamh nó treoir bhreise a bheith de dhíth air nó uirthi. D'fhéadfadh gur i bhfoirm chruachóipe nó i bhfoirm leictreonaice a chruthófaí é. Tá tuilleadh sonraí maidir leis an bpróiseas ar fáil sa ríomhleabhar Droichead ar leathanaigh Droichead láithreán gréasáin na Comhairle. Tá treoir phraiticiúil faoin bpróiseas ar fáil ag MNCanna agus ag an FTG ón CNIM.

## Liosta de ghiorrúcháin ceannlitreacha

**(IA) Institiúid Ardoideachais**

**(RG) Riachtanas na Gaeilge**

**(OTM) Oiliúint Tosaigh Múinteoirí**

**(CNIM) An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí**

**(MNC) Múinteoir Nuacháilithe**

**(OCG) Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge**

**(FI) Fostaíocht Iar-Cháilíochta**

**(FTG) Foireann Tacaíochta Gairmiúla**

**(SCG) Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge**

**(DCCE) Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann**

# 1 Réamhrá

Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta (“an Chomhairle”) an comhlacht ar a leagtar an fhreagracht faoin reachtaíocht maidir le múinteoirí a chlárú in Éirinn. Déanann an Chomhairle múinteoirí a chlárú i gcomhréir le Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009 nó le Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2016 de réir mar is cuí. Tá cóip de na rialacháin sin, maille le sonraí iomlána faoin dóigh inar féidir le múinteoirí nuachláraithe agus le múinteoirí eile iarratas maidir le clárúchán a dhéanamh leis an gComhairle, ar fáil ar **www.teachingcouncil.ie.**

Leagtar amach sa cháipéis seo riachtanais na Comhairle maidir le múinteoirí nuachláraithe nach mór dóibh coinníoll nó coinníollacha clárúcháin iarcháilíochta a chomhlíonadh in Éirinn, lena n-áirítear Droichead, agus i roinnt cúinsí eisceachtúla na Próisis Thraidisiúnta leagáide maidir le Fostaíocht iarcháilíochta (FI) agus an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin. Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird gurb é an próiseas Droichead an t-aon mhodh ionduchtúcháin a bheidh ann do na múinteoirí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile uile ón mbliain acadúil 2020/2021. Tá eolas agus soiléireacht bhreise maidir leis an gcéim fáis den phróiseas Droichead agus le feidhmiú na bPróiseas Traidisiúnta ar fáil in Aguisíní na cáipéise seo.

## 1.1 Clárúchán faoi réir coinníollacha

Is féidir le múinteoir a chuir an chéad 50 lá den phróiseas promhaidh i gcrích faoin bhFoireann Chigireachta agus a bhfuil na 50 lá deireanach den phróiseas le cur i gcrích, nó múinteoir a ghlac páirt sa phróiseas promhaidh roimhe seo ach nár bhfuair toradh sásúil, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

1.1.1 Déantar clárúchán faoi réir coinníollacha (clárúchán coinníollach) sa chás nach bhfuil na riachtanais uile maidir le clárúchán, arna leagan síos ag an gComhairle, comhlíonta ag an iarratasóir ar chlárúchán. Is gnáthrud sin ag gach múinteoir nuacháilithe (MNCanna) agus d’fhéadfadh a theacht i gceist i ndáil le múinteoirí eile chomh maith i gcúinsí áirithe. Tá múinteoir atá cláraithe faoi réir coinníollacha incháilithe maidir le fostaíocht san earnáil scoileanna atá oiriúnach don cháilíocht atá aige nó aici in Éirinn. Leis na ciorcláin a d’fhoilsigh an Roinn Oideachais, cuirtear an t-eolas ábhartha ar fáil ag www.education.ie.

Cuirtear na coinníollacha a ghabhann le clárúchán an mhúinteora agus an tréimhse a cheadaítear chun na coinníollacha sin a chomhlíonadh, in iúl don mhúinteoir an tráth a gcuirtear ar Chlár na Múinteoirí é nó í. Is féidir le múinteoir freisin na coinníollacha a ghabhann leis an gclárúchán a sheiceáil faoin gcuid de láithreán gréasáin na Comhairle a bhfuil Mo Chlárúchán mar theideal air.

1.1.2 A fhad a bhíonn coinníollacha ag gabháil leis an gclárúchán, níl an múinteoir cláraithe go hiomlán agus ní féidir, i gcomhréir le Treoir Eorpach 2005/36/CE arna leasú, a aithint mar mhúinteoir i mBallstát eile de chuid an AE/LEE. Tá riail mar a chéile i gceist maidir le múinteoir ó Bhallstát eile ar mhian leis nó léi clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Tugtar breis eolais i gCuid 1.6.

1.1.3 D’fhéadfadh múinteoirí a chláraítear faoi Rialachán a Dó (Bunscolaíocht) (Modh 1), a ndearnadh páirtphromhadh ina leith cheana i suíomh teoranta, a bheith incháilithe maidir le hiarratas a dhéanamh ar lánchlárúchán san earnáil sin faoi réir ag critéir faoi leith. Ón 1 Meán Fómhair 2016 a tugadh sin isteach de pholasaí agus tugtar cuntas mion air i gCuid 3.1.2.

## 1.2 Coinníollacha maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta

1.2.1 Nuair a chuirtear ainm múinteora ar Chlár na Múinteoirí, eiseofar Teastas Clárúcháin chuige/chuici ina luaitear aon choinníoll a ghabhann leis an gclárúchán sin. Sa chás nár chomhlíon an múinteoir an riachtanas roimhe seo i leith an choinníll maidir cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta, beidh sé sin i gceangal mar choinníoll leis an gclárúchán go ginearálta.

1.2.2 Tá an coinníoll(coinníollacha) maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta leagtha amach thíos a bhaineann le múinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon a chláraigh i ndiaidh an 1 Meitheamh 2020 agus tá coinníollacha a bhaineann leis na múinteoirí a chláraigh roimh an dáta sin leagtha amach freisin.[1]

Do mhúinteoirí a chláraigh ar an 1 Meitheamh 2020 nó i ndiaidh an dáta sin, is é an próiseas Droichead an t-aon choinníoll maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta atá i gceangal leis an stádas clárúcháin atá acu.

| Earnáil | Cláraithe tar éis an 1 Meitheamh 2020 | Cláraithe roimh an 1 Meitheamh 2020 |
|---|---|---|
| Bunscolaíocht | Droichead | D Droichead<br>NÓ<br>Clár Ceardlann Ionduchtúcháin agus Promhadh |
| Iar-bhunscolaíocht | Droichead | Droichead<br>NÓ<br>Fostaíocht Iarcháilíochta (FI) agus Clár Ceardlann Ionduchtúcháin |

1.2.3 Éilítear ar mhúinteoirí bunscoile, a fhostaítear ar feadh tréimhse sách fada i mbunscoil nó i scoil oideachais speisialta atá páirteach in Droichead, próiseas Droichead a chur i gcrích chun an coinníoll clárúcháin a chomhlíonadh.

1.2.4 Ó mhí Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas Droichead an t-aon mhodh ionduchtúcháin do MNCanna i suíomhanna Oideachais Speisialta (suíomhanna MOS) agus sna bunscoileanna uile.

1.2.5 Éilítear ar mhúinteoirí iar-bhunscoile, a fhostaítear ar feadh tréimhse sách fada in iar-bhunscoileanna nó i scoil oideachais speisialta atá páirteach sa phróiseas Droichead, an próiseas Droichead a chur i gcrích chun an coinníoll clárúcháin a chomhlíonadh.

1.2.6 Ó mhí Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas Droichead an t-aon mhodh ionduchtúcháin do MNCanna iar-bhunscoile i suíomhanna MOS agus sna hiar-bhunscoileanna uile.

1.2.7 I ndáil le hathrú idir scoileanna atá páirteach agus scoileanna nach bhfuil an próiseas Droichead ar fáil iontu, ceadaítear Cuid 4 sa cháipéis seo.

1.2.8 Foilsítear Socruithe Idirthréimhseacha ar www.teachingcouncil.ie chun treoir a thabhairt do mhúinteoirí a chuir tús lena gcoinníollacha maidir le cleachtadh iarcháilíochta a chomhlíonadh roimh an scoilbhliain 2020/2021 nó múinteoirí atá ag bogadh idir scoileanna le linn na scoilbhliana.

## 1.3 Coinníollacha eile a bhaineann le clárúchán

1.3.1 Nuair a chuirtear ainm múinteora ar an gClár, d'fhéadfadh go gcuirfí coinníollacha eile in iúl don mhúinteoir seachas coinníollacha maidir le cleachtadh iarcháilíochta. Tugtar liosta de choinníollacha sa Teastas Clárúcháin lena n-áirítear dáta éaga freisin faoinar gá na coinníollacha a shásamh. Tugtar eolas faoi choinníollacha den chineál sin ar [www.teachingcouncil.ie.](http://www.teachingcouncil.ie)

1. D'fhéadfadh coinníollacha eile nach bhfuil bunaithe ar chleachtadh a bheith i gceist e.g. Riachtanas na Gaeilge, Easnamh i gCáilíochtaí. Tugtar liosta díobh sin i dTeastas Clárúcháin an mhúinteora. Tá breis eolais ar fáil i gcuid 1.3.

## 1.4 Tréimhsí ama maidir le coinníollacha clárúcháin a shásamh

1.4.1 Éilítear ar mhúinteoirí go ginearálta a gcuid coinníollacha clárúcháin a shásamh taobh istigh de thréimhse clárúcháin tosaigh trí bliana.

1.4.2 Sa chás nach sásaíonn múinteoir na coinníollacha taobh istigh den tréimhse ama a leagtar síos, tiocfaidh clárúchán an mhúinteora sin i léig.

1.4.3 I gcásanna áirithe, is féidir le múinteoir cláraithe iarratas a chur chuig an gComhairle maidir le síneadh leis an tréimhse clárúcháin choinníollaigh. Tá breis eolais ar fáil sa Lámhleabhar Clárúcháin reatha nó ar **www.teachingcouncil.ie**

## 1.5 Coinníollacha agus Fostaíocht maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta

1.5.1 Fostaíocht le pá amháin a cheaptar ina seirbhís ináirithe i ndáil le coinníollacha maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chomhlíonadh. Ó bhí an 3 Deireadh Fómhair 2016 ann, maidir le scéimeanna intéirneachta amhail JobBridge agus scéimeanna eile cosúil leis sin a bhféadfaí tús a chur leo amach anseo, ní ghlactar leis na scéimeanna sin níos mó mar shuíomhanna incháilithe d'fhostaíocht Iarcháilíochta agus don phróiseas *Droichead*.

1.5.2 Sa chás go mbíonn múinteoir i bpost faoi mhaoiniú neamh-Stáit, tá feidhm leis na treoirlínte seo a leanas:

a) Sa chás go mbíonn múinteoir i bpost faoi mhaoiniú neamh-Stáit, tá feidhm leis na treoirlínte seo a leanas:

b) Sásaítear na critéir ar fad a leagtar amach sa cháipéis seo, suíomhanna, curaclam agus tréimhse ama san áireamh. Sásaítear gach dualgas agus coinníoll de chuid na Roinne Oideachais agus gach dualgas agus coinníoll eile faoin reachtaíocht.

## 1.6 Cáilíochtaí oideachais don mhúinteoireacht a ghnóthaítear i dtíortha an Aontais Eorpaigh (AE)/an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch

1.6.1 I gcomhréir leis na Treoracha ón gComhairle Eorpach maidir le hAitheantas Frithpháirteach Cáilíochtaí Gairmiúla 2005/36/CE arna leasú, a ndéantar a dtrasuí faoin dlí leis na Rialacháin um Cháilíochtaí Gairmiúla a Aithint 2017 (IR 8 de 2017), tá daoine a bhfuil aitheantas acu chun críche .múinteoireachta i mBallstát amháin de chuid an AE i dteideal aitheantas a thabhairt do na cáilíochtaí sin i ngach Ballstát eile. Is féidir aitheantas den sórt sin a thabhairt faoi réir ag coinníollacha, go dtí go sásaítear aon easnamh a shonraítear. Is í an Chomhairle an t-údarás inniúil ainmnithe in Éirinn maidir le hiarratais a mheas ionas go gcinntítear go sásaítear na critéir cháilíochta a leagtar amach sna rialacháin de chuid na Comhairle Múinteoireachta a bhaineann le hábhar.

1.6.2 Roimhe seo bhí ar mhúinteoirí bunscoile gach coinníoll eile arna leagan síos ag an gComhairle a shásamh sula dtugtar faoi aon choinníollacha maidir le cleachtadh iarcháilíochta a chuireann an Chomhairle i bhfeidhm tríd na próisis thraidisiúnta maidir le promhadh. Ón scoilbhliain 2017/2018, d'fhéadfadh múinteoirí a chuireann an próiseas Droichead i gcrích an próiseas sin a chur i gcrích sula gcomhlíonann siad na coinníollacha eile atá i gceangal lena gclárúchán. Leagtar amach sonraí níos mine maidir lena bhfuil i gceist leis an Treoir thuasluaite i ndáil le clárúchán múinteoirí agus le cáilíochtaí múinteoirí i gCiorclán 0031/2010 na Roinne Oideachais atá ar fáil ar **www.education.ie.**

1.6.3 Sa chás go bhfuil cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta foirmiúil déanta ag iarratasóir i dtír eile, ba chóir fianaise go ndearnadh sin go sásúil a chur isteach chuig an gComhairle leis an iarratas ar chlárúchán. Is faoin gComhairle a dheimhniú más leor an fhianaise a chuirtear ar fáil le díolúine a thabhairt maidir leis na riachtanais a ghabhann le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta in Éirinn.

1.6.4 D'eisigh an Chomhairle fógra an 19 Bealtaine 2010 á chur in iúl do dhaoine a mbeadh de rún acu tús a chur le cáilíocht oideachais múinteoirí a ghnóthú i mBallstát eile de chuid an AE/LEE ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh nárbh fholáir dóibh chomh maith aon tréimhse den chleachtadh gairmiúil iarcháilíochta (mar shampla, MNC nó bliain ionduchtúcháin) sa tír ina ngnóthaítear an cháilíocht a sheasamh. Ní mór chomh maith, faoi théarmaí Threoir 2005/36/CE, iad a bheith aitheanta/cláraithe go hiomlán ag an údarás ainmnithe sa Bhallstát sin sula n-iarrtar clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Ba cheart an méid sin a bheith i gceist freisin le hiarratasóirí ó stáit ábhartha nach dtagann laistigh de scóip na Treorach maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla, agus iarratasóirí an Tríú Tír. Ní chuireann fógra na Comhairle athrú ar na socruithe maidir le daoine a raibh tús curtha acu le cáilíocht múinteoireachta a ghnóthú, nó an cháilíocht sin gnóthaithe acu, taobh amuigh d'Éirinn roimh an 31 Nollaig 2010.

1.6.5 Mar gheall ar chúinsí eisceachtúla de dheasca Covid-19 agus ar bhonn éigeandála faoi cheangal ama, d'iarr an Chomhairle Mhúinteoireachta dhá Ionstraim Reachtúla chun go mbeifí ábalta leasú a dhéanamh ar Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárúchán), 2016. Ón 10 Lúnasa 2020, ghlac an Chomhairle Mhúinteoireachta le hiarratais ó mhúinteoirí a bhain cáilíocht amach taobh amuigh d'Éirinn ach nach raibh an tréimhse riachtanach d'ionduchtúchán curtha i gcrích acu sa tír inar bhain siad an cháilíocht amach. Ní mór do na múinteoirí sin ionduchtúchán (an próiseas Droichead) a chur i gcrích in Éirinn. Rinneadh na hiarratais i gcomhréir le Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú), 2020 (IR 269 de 2020) agus ní mór na hiarratais a fháil roimh an 30 Deireadh Fómhair 2020. Ón 14 Meitheamh 2021 go dtí an 29 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an Chomhairle arís le hiarratais ó mhúinteoirí a bhain cáilíocht amach taobh amuigh d'Éirinn ach nach raibh an tréimhse riachtanach d'ionduchtúchán curtha i gcrích acu sa tír inar bhain siad an cháilíocht amach. Ní mór do na múinteoirí sin ionduchtúchán (an próiseas Droichead) a chur i gcrích in Éirinn. Rinneadh na hiarratais i gcomhréir le Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) (Leasú), 2021 (IR 266 de 2021).

# 2 *Droichead*

# The An Creat Comhtháite maidir le hIonduchtúchán Gairme

## 2.1 Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an bpróiseas *Droichead* (bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht)

***Réamhrá***

Tá feidhm leis na nósanna imeachta seo a leanas sa chás go mbíonn múinteoir nuacháilithe fostaithe ar feadh tréimhse sách fada i scoil atá páirteach sa phróiseas *Droichead*. Chun tuilleadh eolais maidir leis an gcéim fáis den phróiseas *Droichead* agus chun forléargas ar na próisis uile a fháil, déan tagairt do na hAguisíní. D'fhéadfadh treoir bhreise a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Comhairle ó am go ham maidir le feidhmiú an phróisis *Droichead* le linn na scoilbhliana 2022/2023.

### *2.1.1 An Próiseas Droichead*

2.1.1.1 Is creat comhtháite maidir le hionduchtúchán gairme do mhúinteoirí nuacháilithe (MNCanna) atá sa phróiseas *Droichead*. Tugtar aitheantas leis don éifeachtúlacht, maidir le hábhar múinteora a ullmhú don ghairm, a ghabhann leis na cláir athcheaptha i ndáil le hoiliúint tosaigh múinteoirí agus go háirithe leis an tréimhse fada socrúcháin i scoil. Cuirtear leis an gcéim sin trína bhunú ar dtús ar na réimsí don fhoghlaim bhreise a shonraigh an MNC i gcomhar leis an IA mar chuid den taithí ar shocrúchán scoile. Glactar leis, an tráth céanna, gur céim faoi leith den oideachas leanúnach ar an múinteoir atá san ionduchtúchán ar próiseas sóisialaithe atá ann i ngairm an mhúinteora. Tá bearta foghlamtha atá bunaithe ar an scoil agus bearta breise maidir leis an bhfoghlaim ghairmiúil i gceist leis an gcreat comhtháite seo d'fhonn freastal ar riachtanais an mhúinteora i dtús a ré gairme.

2.1.1.2 Is é príomhchuspóir atá leis an bpróiseas *Droichead* go dtacófar leis an bhfoghlaim ghairmiúil a dhéanann MNCanna i rith chéim an ionduchtúcháin, ionas go gcuirtear bonn daingean faoi fhorás agus faoi fhoghlaim ghairmiúil a dhéantar i rith an chéad chéim eile dá ré gairme.

2.1.1.3 Tar éis próiseas *Droichead* a chríochnú, dearbhaíonn an MNC go bhfuiltear ullamh don chéad chéim eile d'oideachas leanúnach an mhúinteora. Déanann an múinteoir agus comhghleacaithe lánoilte comhdhearbhú, tar éis machnamh a dhéanamh ar an gcás in éineacht, go rabhthas, trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas *Droichead*, páirteach i bpróiseas ardchaighdeáin teagaisc agus foghlama. Glanann an Chomhairle ansin an coinníoll maidir leis an bpróiseas *Droichead* (agus coinníollacha eile maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta) de chlárúchán an mhúinteora. Déanfaidh an Chomhairle an múinteoir a chlárú go hiomlán nuair a mheasann an Chomhairle na coinníollacha clárúcháin ar fad (e.g., Riachtanas na Gaeilge, coinníollacha maidir le heasnamh i gcáilíochtaí) a bheith sásaithe.

2.1.1.4 Nuair a bhíonn an MNC fostaithe i suíomh incháilithe (féach 2.1.2) i scoil rannpháirteach ar feadh na híostréimhse maidir le cleachtadh gairmiúil (féach 2.1.3), cláraítear don phróiseas *Droichead* tríd an gcuid Logáil Isteach / Mo Chlárúchán ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.  Nuair atá athbhreithniú déanta ar a n-iarratas, agus nuair atá gach ní in ord, seolfar ríomhphost chucu lena gceadaítear dóibh tús a chur leis an bpróiseas Droichead. Nuair atá an próiseas *Droichead* curtha i gcrích, ní mór don MNC Foirm D ar líne maidir le *Droichead* a chomhlánú agus a chur isteach. (breathnaigh ar 2.1.8 le haghaidh tuilleadh clárúcháin).

2.1.1.5 Tá dhá phríomhshnáithe ag baint leis an bpróiseas *Droichead* mar chreat comhtháite ionduchtúcháin don MNC.. Is ionduchtúchán scoilbhunaithe atá sa chéad snáithe (Snáithe A), lena mbíonn cúnamh taca ag an MNC ó chomhghleacaithe lánoilte.  Leis an dara sraith, cuimsítear bearta foghlama gairmiúla breise (Snáithe B) agus, ina leith sin, is gá freastal a dhéanamh ar roinnt cruinnithe an MNC in ionaid oideachais áitiúla agus ar bheart foghlama gairmiúla amháin eile a bhaineann le riachtanais an MNC. Samplaí de ghnáthbhearta foghlamtha is ea páirt a ghlacadh i gceardlann, cruinniú de Líonra Gairmiúil Múinteoirí (cumann ábhar scoile), beart foghlamtha ar líne/cumaiscthe, freastal ar chomhdháil, Féilte, etc. (Féach 2.1.5).

### 2.1.2 *Suíomhanna inar féidir leis an bpróiseas Droichead tarlú*

2.1.2.1 **Bunscolaíocht**

Ó na blianta 2020/2021, is é an próiseas *Droichead* an t-aon mhodh ionduchtúcháin do gach MNC bunscoile.

Is iondúil gur le linn fostaíochta mar ghnáthmhúinteoir ranga a thabharfaidh múinteoir bunscoile faoin bpróiseas *Droichead*. Tá sé de riail ghinearálta gur féidir fostaíocht le pá ar bhonn buan nó sealadach nó i mbun ionadaíochta a áireamh sa chás go bhfuil an múinteoir ag teagasc réimsí uile Churaclam na Bunscoile, Gaeilge san áireamh, do ghnáthrang daltaí (ar aon ghrád amháin nó níos mó ná sin) ar feadh an lá scoile ar fad agus sa chás go ligfidh sealbhaíocht an phoist sa scoil don mhúinteoir na híoschoinníollacha maidir le tréimhse ama a leagtar amach in 2.1.3.2 thíos a shásamh.

2.1.2.2 Ach amháin i gcásanna eisceachtúla, is i ngnáthshuíomhanna is ceart do scoileanna MNCanna a chur chun feidhme. I gcásanna áirithe, sa chás gur oiriúnaí ná na múinteoirí eile an MNC chun freastal ar riachtanais na ndaltaí, is féidir leis an MNC an próiseas *Droichead* a chur i gcrích i gceann de na róil oideachais speisialta seo a leanas[2]:

a) múinteoir ag rang speisialta i ngnáthscoil

b) múinteoir i scoil speisialta

c) múinteoir acmhainne lánaimseartha ag daltaí faoi mhíchumas íosmhinicíochta (de réir shainmhíniú na Roinne Oideachais)

d) múinteoir lánaimseartha tacaíochta foghlama

e) ról lena gcumasctar c) agus d) thuas (post múinteoireachta Tacaíochta Foghlama/Acmhainne).

2.1.2.3 Sna cásanna thuas, ní mór (ach amháin maidir le cás neamhláithreachta eisceachtúla) an dream amháin daltaí a bheith á dteagasc ar feadh na tréimhse fostaíochta. Mar chuid den phróiseas *Droichead*, ba chóir don scoil féachaint lena chinntiú go bíonn deiseanna ag an MNC teagasc a dhéanamh i ngnáthshuíomh i gcomhar leis an múinteoir ranga, lena n-áireofaí teagasc agus foghlaim na Gaeilge i ngnáthrang.

2.1.2.4 **Iar-bhunscolaíocht**

Ó na blianta 2020/2021, is é an próiseas *Droichead* an t-aon mhodh ionduchtúcháin do gach MNC iar-bunscoile.

Is iondúil gur le linn fostaíochta in iar-bhunscoil aitheanta a thabharfaidh múinteoir iar-bhunscoile faoin bpróiseas *Droichead*. Tá sé de riail ghinearálta gur féidir fostaíocht le pá ar bhonn buan nó sealadach nó i mbun ionadaíochta a áireamh sa chás go ligfidh fostaíocht den sórt sin don mhúinteoir na híoschoinníollacha maidir le tréimhse ama a leagtar amach in 2.1.3.3 thíos a chomhlíonadh.

2.1.2.5 Is féidir le múinteoir iar-bhunscoile an próiseas *Droichead* a chur i gcrích freisin sa chás go bhfuiltear fostaithe i ról acu seo a leanas[3]:

a) múinteoir i scoil speisialta ina bhfuil sciar de na daltaí atá ag freastal ar an scoil in aois iar-bhunscoile agus ábha(i)r de chuid an churaclaim iar-bhunscoile á (d)t(h)eagasc ag an múinteoir do dhaltaí den sórt sin,

nó

b) múinteoir in Ionad Oideachais ina bhfuil ábha(i)r de chuid an churaclaim iar-bhunscoile á (d)t(h)eagasc.

### 2.1.3 *An íostréimhse riachtanach maidir le cleachtadh gairmiúil*

2.1.3.1 Áirítear mar chleachtadh gairmiúil (i) socrúchán scoile (10 seachtaine) le linn oiliúint tosaigh múinteora agus (ii) cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta. Tá leasú déantar ar an bpróiseas *Droichead* i ndáil leis an riachtanas maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chomhlíonadh chun an síneadh leis an socrúchán scoile le linn oiliúint tosaigh múinteora a thabhairt san áireamh.

2. Ciorclán 0020/2022 na Roinne Oideachais
3. Ciorclán 0021/2022 na Roinne Oideachais

2.1.3.2 Ní foláir do mhúinteoir bunscoile bloc 60 lá scoile as a chéile a dhéanamh i suíomh incháilithe ón dáta ar a gceaptar den chéad uair iad i bpost bunscoile atá aitheanta chun críocha phróiseas *Droichead*. Ní mór don mhúinteoir clárú le haghaidh phróiseas *Droichead* leis an gComhairle, trí dul chuig an gcuid Logáil Isteach / Mo Chlárúchán ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta taobh istigh de 5 lá oibre ó thosaítear ar an bhfostaíocht ináirithe..[4]

2.1.3.3 Ní foláir do mhúinteoir iar-bhunscoile 200 uair an chloig d'fhostaíocht múinteoireachta a dhéanamh i suíomh incháilithe lena n-áirítear ábha(i)r de chuid an churaclaim iar-bhunscoile a mhúineadh do rang ainmnithe ar thráthchlár na scoile, nó fostaíocht i ról múinteoireachta maidir le hoideachas speisialta. Ní mór don mhúinteoir clárú le haghaidh phróiseas *Droichead* leis an gComhairle, trí úsáid a bhaint as an gcuid Logáil Isteach / Mo Chlárúchán ar láithreán gréasáin an Comhairle Múinteoireachta, taobh istigh de 5 lá oibre ó thosaítear ar an bhfostaíocht ináirithe.

2.1.3.4 Ba chóir a thabhairt ar aird gurb iad seo na híostréimhsí cleachtais is giorra is féidir a áireamh. I bhfianaise gurb é atá leagtha amach maidir le próiseas *Droichead* mar chreat ionduchtúcháin go mbeadh oiread agus is féidir den chúnamh taca, den treoir agus den chomhairle á gcur ar fáil, moltar, sa chás go mbíonn am le cois ag an MNC sa scoil, sa bhreis ar na híoschoinníollacha a leagtar síos faoi 2.1.3.2 agus faoi 2.1.3.3 thuas, go mbainfí leas as an am breise sin i dtaca leis an bpróiseas *Droichead*.

### *2.1.4 Snáithe bunaithe ar an scoil (Snáithe A)*

2.1.4.1 An MNC a thosú amach ar an tslí ghairme, agus an próiseas ionduchtúcháin ina leith, atá i gceist leis an bpróiseas *Droichead* go bunúsach. Gné ríthábhachtach den phróiseas seo is ea rannpháirtíocht an MNC le comhghleacaithe a bhfuil níos mó taithí acu agus machnamh ar na comhráite gairmiúla a tharlaíonn maidir lena gcuid foghlama féin agus a gcleachtadh gairmiúil féin. Tá roinnt bealaí inar féidir Foireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG) a chur ar bun. I scoileanna móra, ina bhfuil níos mó ná múinteoir nuacháilithe amháin, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt foirne ag feidhmiú ag aon tráth amháin. I scoileanna nach bhfuil chomh mór sin, d'fhéadfadh gur leor foireann de bheirt nó triúr múinteoirí. I gcás scoileanna beaga, nó sa chás nach bhfuil an scoil in acmhainn FTG a chur ar bun le baill d'fhoireann na scoile amháin, tá samhail sheachtrach ar fáil. Tá tuilleadh treorach ar fáil ón gClár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM).

2.1.4.2 Próiseas comhoibríoch atá i gceist i gcónaí le cúnamh taca don MNC le linn an phróisis Droichead, cé go bhféadfadh éagsúlacht a bheith ag baint le róil agus freagrachtaí chomhaltaí an FTG i gcomhthéacsanna éagsúla scoile agus go ndéantar dá bhrí sin aontú mar gheall orthu sula gcuirtear tús leis an bpróiseas *Droichead*.

2.1.4.3 Cuireann an FTG an fhorbairt ghairmiúil maidir leis an bpróiseas *Droichead* i gcrích, forbairt ghairmiúil a chuireann an CNIM ar fáil, agus bíonn réimse bearta tacaíochta agus acmhainní ar fáil a chuidíonn leis an obair, ina measc:

a) Oiliúint tosaigh an CNIM do gach comhalta den FTG.

b) Am saor le múinteoir ionadaíochta ionas gur féidir le gach comhalta den FTG freastal ar an gcúrsa oiliúna

c) Am saor i dtaca le gnéithe den phróiseas *Droichead* atá bunaithe ar an scoil.

d) Cúnamh ar an teileafón agus ar an ríomhphost ón CNIM trí líonra comhpháirtithe agus ó bhaill den fhoireann bhuan.

e) Treoir chuimsitheach do mheantóirí, réimse de theimpléid shamplacha san áireamh.

2.1.4.4 Bíonn idirchaidreamh ó am go chéile i rith phróiseas *Droichead* ag an MNC le comhghleacaithe lán taithí atá ag cuidiú leis an bpróiseas. Comhráite gairmiúla a thugtar ar an gcineál sin. Tugann gach comhrá deis aiseolas a mhalartú go neamhfhoirmiúil idir beirt, plé a dhéanamh ar cheisteanna a thagann chun cinn le linn fhoghlaim ghairmiúil agus chleachtadh gairmiúil an mhúinteora nuacháilithe agus comhairle threorach a chur ar fáil. D'fhéadfaí, de rogha air sin, comhrá gairmiúil a eagrú mar chruinniú réamhshocraithe idir an MNC agus comhalta nó níos mó ná comhalta amháin den FTG.

4. Ba cheart do mhúinteoirí atá ar chonarthaí postroinnte nó ar chonarthaí páirtaimseartha dul i gcomhairle leis na Coinníollacha maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta - Socruithe Idirthréimhseacha 2022/2023 chun treoir a fháil.

2.1.4.5 Is próiseas tábhachtach an fhoghlaim bunaithe ar phunann a chuidíonn leis an MNC páirt a ghlacadh sna comhráite gairmiúla. Baineann an Chomhairle úsáid as an téarma Taisce ag tagairt don phunann ar an bhfuil an próiseas foghlamtha seo bunaithe. Cuireann an próiseas foghlamtha bunaithe ar phunann ar chumas an MNC machnamh a dhéanamh ar an bhfoghlaim ghairmiúil ar bhealach atá oiriúnach dóibh féin agus réimsí a thabhairt chun suntais a bhféadfadh gá a bheith acu le cúnamh nó le comhairle breise ina leith agus pleanáil a dhéanamh dá réir. Tá sonraí breise faoin bpróiseas sin ar fáil sa ríomhLeabhar *Droichead* ar na leathanaigh ar láithreán gréasáin na Comhairle a bhaineann le Droichead. Tá treoir phraiticiúil faoin bpróiseas ar fáil ag MNCanna agus ag an FTG ón CNIM.

2.1.4.6 Gné ríthábhachtach eile den phróiseas *Droichead* is ea an bhreathnóireacht. Áirítear leis sin breathnóireacht a dhéanann an MNC ar chleachtadh múinteoirí níos oilte, chomh maith leis an mbreathnóireacht a dhéanann an FTG ar chleachtadh an MNC. Déantar an dá chineál breathnóireachta a shocrú roimh ré agus bíonn deis ag na MNCanna foghlaim óna gcuid comhghleacaithe gairmiúla le linn an dá chineál. Ba chóir go mbeadh an bhreathnóireacht a dhéanann an FTG ar chleachtadh an MNC dírithe ar na réimsí sin a measann an MNC go bhfuil comhairle, cúnamh nó cabhair ag teastáil uaidh/uaithi. Ba chóir dá bhrí sin go spreagfaí an MNC chun teagasc a dhéanamh ar an réimse is mó a gceapann sé nó sí call le foghlaim ina leith. Is féidir sin a bheith ina bhonn ina dhiaidh sin le comhrá gairmiúil. Moltar go n-eagrófaí dhá ócáid ar a laghad den dá chineál breathnóireachta sa seomra ranga (breathnóireacht a dhéanann an MNC agus breathnóireacht ar chleachtadh an MNC) agus gur cheart líon na ranganna a bhreathnaítear agus cineál na ranganna a bhreathnaítear a bhunú ar phlé idir an MNC agus an FTG.

2.1.4.7 Tá de mhana ag an CNIM gur “comhartha nirt é cúnamh a iarraidh.” Chun na críche sin, moltar don MNC agus don FTG gach deis a thapú chun saincheisteanna agus dúshláin a phlé de réir mar a thagann siad chun cinn. Tá bearta éagsúla cúnta á gcur ar fáil ag na FTGanna a chuireann ar chumas na MNCanna dul i ngleic leis na dúshláin sin agus ceacht a fhoghlaim uathu. Tá cúnamh, comhairle agus treoir breise ar fáil ón CNIM tríd an tseirbhís chúnta do scoileanna agus d’fhéadfadh go m’fhiú am breise chun sin a shocrú. Dá chuimsithí an cúnamh a thairgtear agus dá mhéid den chaidreamh macánta a tharlaíonn idir gach duine atá páirteach sa chúram is ea is fearr don mhúinteoir nuacháilithe.

### *2.1.5 Bearta foghlama gairmiúla breise (Snáithe B)*

2.1.5.1 D’fhonn cur leis an snáithe ionduchtúcháin atá bunaithe ar an scoil, faoi mar a leagtar amach thuas, tugann múinteoirí nuacháilithe freisin faoi bhearta foghlama gairmiúla breise mar chuid de phróiseas *Droichead*, mar seo a leanas:

2.1.5.2 Cnuaschruinnithe an MNC agus Bearta Foghlama Gairmiúla eile - Glacann MNCanna páirt in aon chnuaschruinniú amháin in ionad oideachais áitiúil/ar líne in aghaidh an téarma, Déanann an CNIM éascaíocht i ndáil leis na cruinnithe sin agus sin i gcomhar leis an ngrúpa de MNCanna. Déantar clár oibre an chruinnithe a leagan amach i gcomhar leis na MNCanna agus d’fhéadfadh go mbeadh plé á dhéanamh ar ghnéithe tábhachtacha den phróiseas Droichead amhail an próiseas breathnóireachta, comhráite gairmiúla, Taisce, etc.

2.1.5.3 Ba cheart don mhúinteoir nuacháilithe tabhairt faoi bheart foghlama gairmiúil amháin eile, arna shonrú i gcomhairle leis an FTG ag an múinteoir nuacháilithe féin de réir na riachtanas foghlama gairmiúil. D’áireofaí ar na gnáthbhearta foghlama, mar shampla, páirt a ghlacadh i gceardlann, cruinniú de chuid Líonra Gairmiúil Múinteoirí (cumann ábhair), beart foghlama ar líne/cumaiscthe, freastal ar chomhdháil, Féilte, etc.

### *2.1.6 Caighdeáin mar lón treorach agus tacaíochta i ndáil leis an bpróiseas Droichead*

2.1.6.1 Tá caighdeáin leagtha síos ag an gComhairle mar bhonn treise faoi phróiseas *Droichead*, mar threoir don MNC, in éineacht leis an FTG, i ndáil leis an bhfoghlaim agus leis an gcleachtadh gairmiúil. Leagtar na caighdeáin sin amach in Aguisín 4. Déantar cíoradh níos mó ar chaighdeáin phróiseas Droichead agus ar shamplaí i gcomhthéacs na scoile mar chuid den fhorbairt ghairmiúil do chomhaltaí an FTG, arna chur ar fáil ag an CNIM.

### *2.1.7 Taifid maidir le próiseas Droichead a choimeád*

2.1.7.1 Déanann an FTG plean imlíneach maidir le próiseas *Droichead* a leagan amach, i gcomhairle leis an MNC. Is é is fearr go dtugann an MNC faoi phróiseas Droichead ar feadh tréimhse is faide ná an íostréimhse a leagtar síos, sa chás go ligeann fad thréimhse na fostaíochta dó sin. Cuirfidh an CNIM teimpléid ar fáil maidir le plean imlíneach Droichead agus leis an bpróiseas breathnóireachta chomh maith le treoir chomhairleach maidir le teimpléid den sórt sin a úsáid. D’fhonn éascaíocht a dhéanamh ar phróiseas dhearbhú cáilíochta na Comhairle, iarrtar ar na scoileanna taifid a choimeád a cruthaíodh i dtaca le próiseas Droichead agus sin a dhéanamh i gcomhréir le polasaí na scoile maidir le cosaint sonraí.

2.1.7.2 Agus taifid á gcoimeád, ba chóir don FTG aird a thabhairt ar chúrsaí príobháideachta maidir le daoine eile agus ar rúndacht an eolais a thiomsaítear i rith an phróisis. Ba chóir a bheith aireach chomh maith maidir le cúrsaí eitice agus cosaint sonraí, sonraí a chóiriú sa chaoi is gur anaithnid daoine más cuí sin agus aon bheart is gá a dhéanamh chun teacht ar fhaisnéis íogair a chúngú.

2.1.7.3 Sa chás go mbíonn múinteoir nuacháilithe a bhfuil roinnt de phróiseas Droichead nó iomlán an phróisis seasta aige nó aici ag fágáil na scoile, ba chóir cóip de na taifid ábhartha i ndáil leis an bpróiseas sin atá ar coimeád sa scoil a thabhairt don mhúinteoir. Ba cheart na cáipéisí agus taifid uile a choinneáil i gcomhréir le riachtanas na Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.

### *2.1.8 Próiseas Droichead a Thabhairt chun Críche*

2.1.8.1 Nuair a bhíonn an múinteoir nuacháilithe ag teannadh le deireadh phróiseas Droichead, de réir an tráthchláir tháscaigh a aontaítear ag tús an phróisis, tarlaíonn comhrá gairmiúil idir an Múinteoir Nuacháilithe agus an FTG. Is éard a bheidh sa chomhrá freisin ná go n-aithneoidh an Múinteoir Nuacháilithe réimsí den fhoghlaim ghairmiúil amach anseo (a bheidh á lua ar Fhoirm D ar líne).

2.1.8.2 Nuair a bhíonn an próiseas Droichead (ionduchtúchán bunaithe ar an scoil agus bearta foghlama gairmiúla breise) tugtha chun críche ag an MNC agus ag an FTG, comhlánaíonn siad an Foirm D Droichead ar líne - atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

2.1.8.3 Nuair a bhíonn Foirm D Droichead ar líne comhlánaithe go hiomlán agus curtha faoi bhráid na Comhairle, glanfaidh an Chomhairle an coinníoll maidir leis an gcoinníoll Droichead (agus coinníollacha eile maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta) de chlárúchán an mhúinteora. Ní mór gach uile choinníoll a chomhlíonadh sular féidir an múinteoir a chlárú go hiomlán.

### *2.1.9 Comhleanúnachas agus dearbhú cáilíochta*

2.1.9.1 2.1.9.1 Tá modhanna éagsúla ar bun chun dea-cháilíocht agus comhleanúnachas maidir le próiseas Droichead ar fud na tíre a chinntiú:

a) Cuireann an CNIM cúnamh taca ar fáil do scoileanna ina bhfuil Droichead ar fáil agus ina bhfostaítear múinteoir nuacháilithe.

b) Tá painéil Dearbhaithe Cáilíochta Droichead (DCD) curtha ar bun ag an gComhairle ar a bhfuil cathaoirleach neamhspleách, múinteoir ón earnáil ábhartha atá i mbun teagaisc agus duine atá saineolach ar chúnamh taca a thabhairt agus/nó meastóireacht a dhéanamh maidir le teagasc agus foghlaim ar leibhéal na scoile. Tugann an painéal DCD cuairt ar shampla randamach de na scoileanna inar eagraíodh an próiseas Droichead agus pléitear an próiseas leis an FTG agus leis an múinteoir nuacháilithe. Cuairteanna réamhshocraithe atá i gceist a eagraítear le meon an chomhair agus an chomhlachais. Ar an athbhreithniú a thabhairt chun críche, cuireann an painéal DCD tuairisc, ina bhfágtar daoine agus scoileanna gan ainmniú faoi bhráid na Comhairle, d'fhonn torthaí obair an phainéil agus moltaí maidir leis an bpróiseas a chur in iúl. Déanann an Chomhairle an tuairisc a mheas agus, ar a aontú, déantar an tuairisc a fhoilsiú ar láithreán gréasáin na Comhairle agus a scaipeadh ar an CNIM agus ar an bhFoireann Cigireachta.

c) Déanann an príomhoide, ceannródaí na foghlama sa scoil, cé nach móide go mbeifí páirteach i bpróiseas Droichead, cultúr foghlama inar féidir le Droichead teacht faoi bhláth a chothú chomh maith le cuidiú leis an FTG próiseas ionduchtúcháin den chéad scoth a thabhairt i dtreis.

d) Is cuid den fhorbairt ghairmiúil, lena n-áirítear cnuashcruinnithe do chomhaltaí an FTG, plé ar chaighdeáin dea-chleachtais agus táscairí dea-chleachtais atá ina lón treorach maidir le próiseas Droichead agus le bonn treise a chur faoin bpróiseas sin.

e) Tá próiseas athbhreithnithe ar bun sa chás gur mian le MNCanna nó leis an FTG ábhar imní i ndáil le gnéithe den phróiseas Droichead a chur in iúl. Tá céim neamhfhoirmiúla, ar leibhéal na scoile, agus céim níos foirmiúla ar leibhéal an CNIM i gceist leis an bpróiseas athbhreithnithe seo. Is féidir dá réir sin ceisteanna atá gan réiteach a chur ar aghaidh chuig an gComhairle tríd an bpainéal Dearbhaithe Cáilíochta Droichead.

### *2.1.10 Treoir bhreise*

Rachaidh an Chomhairle i dteagmháil leis an Roinn Oideachais agus le gníomhaireachtaí na Roinne maidir le Droichead a chur i bhfeidhm, agus chun an comhleanúnachas a chinntiú leis na polasaithe ginearálta a shocraíonn an tAire ó am go chéile. Tabharfar san áireamh ina leith sin lón treorach a thabhairt chun cinn maidir leis an athrú go dtí polasaí Droichead.

Tugtar eolas breise faoi Shocruithe Idirthréimhseacha i gCuid 4.

# 3 Iar-Phróisis Thraidisiúnta

## Próisis thraidisiúnta chun aghaidh a thabhairt ar choinníollacha maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta

**Promhadh (Bunscolaíocht)**
**Fostaíocht Iarcháilíochta (FI) (Iar-bhunscolaíocht) Clár Ceardlann**
**Ionduchtúcháin (Bunscolaíocht & Iar-bhunscolaíocht)**

## 3.1 Iar-Nósanna imeachta agus critéir maidir le promhadh (bunscolaíocht)

***Réamhrá***

Ó Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas *Droichead* an t-aon mhodh ionduchtúcháin do gach MNC bunscoile. Níl na próisis thraidisiúnta maidir le Promhadh ar fáil a thuilleadh. Breathnaigh ar Aguisín 5 chun eolas a fháil faoin rogha leagáide seo.

### *3.1.1 An coinníoll Seirbhíse*

3.1.1.1 I gcás múinteoirí a bhí fostaithe i scoileanna aitheanta roimh an 1 Meán Fómhair 2010 agus a bhfuil gá acu le fianaise ar a gcuid seirbhíse le cur faoi bhráid na Comhairle, cuirfidh an Roinn Oideachais taifead ar a gcuid seirbhíse anuas go dtí an 31 Lúnasa 2010 ar fáil dóibh.

### *3.1.2 Múinteoirí a ndearnadh a bpromhadh roimhe seo i suíomh teoranta*

3.1.2.1 Múinteoirí atá cláraithe faoi Rialachán a Dó/Modh 1 (Bunscolaíocht) a ndearnadh a bpromhadh roimhe seo nó a chuir an próiseas *Droichead* chun críche (roimh mhí Mheán Fómhair 2016) i suíomh teoranta, d'fhéadfaidís a bheith i dteideal cur isteach ar chlárúchán iomlán san earnáil sin faoi réir ag na riachtanais a leagtar amach sa chuid seo a chomhlíonadh.

3.1.2.2 Cuireadh an polasaí seo i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2016 ar aghaidh.

3.1.2.3 Ionas go mbeifí i dteideal sin a dhéanamh:

a) Ní mór don mhúinteoir a bheith cláraithe faoi Rialachán a Dó/Modh 1 (Bunscolaíocht) i Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúchán] agus cláraithe faoi Alt 31 (5) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta.

b) Ní mór Promhadh/*Droichead* i ngnáthshuíomh a bheith ar an gcoinníoll amháin a ghabhann le clárúchán an mhúinteora.

c) Ní mór don mhúinteoir a bheith ag obair i suíomh oideachais speisialta agus i mbun róil mhúinteoireachta lena sásaítear na critéir agus an riachtanas seirbhíse thíos.

3.1.2.4 Ní mór na critéir seo a leanas a chomhlíonadh:

a) Tá/bhí an múinteoir i mbun churaclam iomlán na bunscoile a mhúineadh ar a chóiriú i gcomhréir leis na treoirlínte arna leagan síos ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM).

b) Tá/bhí an múinteoir i mbun rang a mhúineadh ar bhonn lánaimseartha ar feadh an lae ina raibh líon nach lú ná seisear daltaí.

c) Tá/bhí an múinteoir freagrach go hiomlán as foghlaim na ndaltaí agus freagrachtaí ar an múinteoir atá inchurtha leis na freagrachtaí ar ghnáthmhúinteoir ranga.

3.1.2.5 Ní mór don mhúinteoir na riachtanais seirbhíse a leagtar amach thíos a chomhlíonadh:

a) Éilítear seirbhís múinteoireachta nach lú ná 50 lá as a chéile san aon rang amháin lena sásaítear na critéir

b) Ní mór an tseirbhís seo a bheith sa bhreis ar aon riachtanas seirbhíse maidir le Promhadh/*Droichead*

c) Tugtar ar aird go bhfuil seirbhís múinteoireachta i ngnáthshuíomh inghlactha chomh maith.

## 3.2 Nósanna imeachta agus critéir maidir le fostaíocht iarcháilíochta (iar-bhunscolaíocht)

***Réamhrá***

Do mhúinteoirí Iar-Bhunscoile atá cláraithe roimh an 1 Meitheamh 2020, d'fhéadfadh fostaíocht iarcháilíochta (FI) a bheith mar rogha i gcúinsí teoranta ar leith mar a leagtar amach sna Coinníollacha maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta - Socruithe Idirthréimhseacha 2022/2023. Is é Droichead an t-aon mhodh ionduchtúcháin amháin do na cúinsí eile ar fad agus do mhúinteoirí atá cláraithe tar éis an 1 Meitheamh 2020.

Déan tagairt don cháipéis faoi na Coinníollacha maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta - Socruithe Idirthréimhseacha 2022/2023 chun sonraí a fháil ar na cúinsí teoranta agus na roghanna indéanta do mhúinteoirí a chuir tús leis an FI roimh an 31 Lúnasa 2020 ach nach bhfuil an próiseas curtha i gcrích acu.

### *3.2.1 An coinníoll clárúcháin maidir le fostaíocht iarcháilíochta (FI)*

3.2.1.1 Ó mhí Mheán Fómhair 2020 ar aghaidh, ní mór do na múinteoirí uile atá ag obair in iar-bhunscoileanna agus a shásaíonn an riachtanas maidir le huaireanta seirbhíse leas a bhaint as an bpróiseas *Droichead* chun clárúchán iomlán leis an gComhairle a bhaint amach. Ní mór do na MNCanna i scoileanna mar sin a bhfuil conradh acu a chuireann ar a gcumas an próiseas *Droichead* a chur i gcrích leas a bhaint as an bpróiseas Droichead (breathnaigh 1.2.5 agus 2.1.3).

3.2.1.2 Do mhúinteoirí atá cláraithe roimh an 1 Meitheamh 2020 le coinníoll an FI, d'fhéadfaidís, i gcúinsí eisceachtúla na próisis thraidisiúnta maidir le FI a chur i gcrích. I gcásanna mar sin, tá na nósanna imeachta agus critéir sin fós i gceist. Leis na Socruithe Idirthréimhseacha, cuirfear tuilleadh sonraí ar fáil i gcúinsí eisceachtúla.

3.2.1.3 Is féidir le múinteoir iar-bhunscoile an FI a chur i gcrích nuair atá siad fostaithe i suíomh incháilithe sa chás nach bhfuil an t-íosriachtanas seirbhíse atá de dhíth chun an próiseas *Droichead* a chur i gcrích á shásamh agus sa chás go bhfuil 3.2.1.2 thuas i gceist.

3.2.1.4 Go ginearálta, ceadaítear tréimhse trí bliana ó dháta an chlárúcháin tosaigh agus ní mór don mhúinteoir an riachtanas seo a shásamh lena linn sin. I gcúinsí eisceachtúla, is féidir leis an múinteoir iarratas ar shíneadh leis an tréimhse trí bliana a chur chuig an gComhairle. Tabhair ar aird go dtiocfaidh an clárúchán i léig mura mbíonn an riachtanas maidir leis an FI sásaithe taobh istigh den tréimhse a shonraítear ach amháin sa chás go mbíonn síneadh leis an tréimhse sin ceadaithe.

### *3.2.2 An riachtanas seirbhíse*

3.2.2.1 Chun an coinníoll maidir le próiseas an FI a shásamh, ní mór d'iarratasóirí fianaise a chur ar fáil ar 300 uair an chloig d'fhostaíocht shásúil múinteoireachta in iar-bhunscoil aitheanta nó in Ionad Oideachais ina bhfuil ábhar den chuid an churaclaim iar-bhunscoile á mhúineadh.

3.2.2.2 Ní mór ar a laghad dhá thrian (200 uair an chloig) den fhostaíocht cheadaithe a chaitheamh i mbun ábha(i)r de chuid an churaclaim iar-bhunscoile nó gairmthreoir a mhúineadh do rang ainmnithe daltaí ar thráthchlár na scoile.

3.2.2.3 Is féidir suas le haon trian (100 uair an chloig) den taithí ceadaithe a dhéanamh i róil mhúinteoireachta maidir le hoideachas speisialta nó i mbun bearta múinteoireachta eile atá ar an tráthchlár. Is féidir an mhúinteoireacht ar ábhair taobh amuigh den chuid a ndéanann an Coimisiún um Scrúduithe Stáit iad a scrúdú in Éirinn (e.g., ábhair de chuid an DCCE nó City & Guilds, etc.) a chur san áireamh i dtreo an riachtanais 100 uair an chloig.

3.2.2.4 Sa chás nach sásaítear na riachtanais atá leagtha amach thuas le cineál na seirbhíse, tugadh isteach roinnt bearta breise chun solúbthacht bhreise a chur ar fáil. Ní mór an tseirbhís a chur ar fáil laistigh de scoil/coláiste/ionad oideachais atá aitheanta.

a) Is féidir 300 uair an chloig san iomlán a dhéanamh d'aon chlár(cláir) creidiúnaithe a mhúineadh do dhaltaí idir 12 agus 18 mbliana d'aois e.g. DCCE, City and Guilds, ITEC.

b) Is féidir 300 uair an chloig san iomlán a dhéanamh maidir le haon ábhar de chuid an churaclaim iar-bhunscoile a mhúineadh mar ullmhúchán do scrúduithe stáit na hardteistiméireachta do dhaoine atá níos mó ná 18 mbliana d'aois.

c) Is féidir 600 uair an chloig san iomlán a dhéanamh d'aon chlár(cláir) creidiúnaithe ar an gcreat a mhúineadh do dhaltaí ar aois ar bith e.g. DCCE, City and Guilds, ITEC. Ní mór do mhúinteoirí dá leithéid a bheith cláraithe le coinníoll an FI feadh tréimhse trí bliana nó níos mó.

d) Is féidir 500 uair an chloig san iomlán a dhéanamh d'aon chlár(cláir) creidiúnaithe ar an gcreat a mhúineadh do dhaltaí ar aois ar bith e.g. DCCE, City and Guilds, ITEC. Ina theannta sin, is féidir leis an múinteoir 100 uair an chloig de ghairmtheoir a mhúineadh do dhaoine fásta. Ní mór do mhúinteoirí dá leithéid a bheith cláraithe le coinníoll an FI feadh tréimhse trí bliana nó níos mó.

e) 300 uair an chloig san iomlán den churaclam bunscoile ar fad maidir le Ceol, Corpoideachas nó Ealaín a mhúineadh i mbunscoil aitheanta. I gcásanna mar sin, ní mór réimse gníomhaíochtaí atá de dhíth a chlúdach.

3.2.2.5 Ní ghlactar le fostaíocht d'aon chineál seachas fostaíocht le pá mar mhúinteoir cáilithe ar bhonn buan, sealadach nó i mbun ionadaíochta maidir leis an gcoinníoll seo a shásamh. Níl glacadh le seirbhís dheonach (féach Cuid 1.5 maidir le soiléiriú breise).

### *3.2.3 An próiseas maidir le Fostaíocht Iarcháilíochta a thabhairt chun críche*

3.2.3.1 Ar 300 uair a chloig d'fhostaíocht múinteoireachta a bheith curtha isteach, ba cheart don iarratasóir Foirm B a líonadh isteach, a dheimhniú agus a shíniú agus stampáil phríomhoide na scoile a fháil ar an bhfoirm agus an fhoirm a sheoladh ar ais chuig an gComhairle.

3.2.3.2 Sa chás go dtarlaíonn fostaíocht múinteoireachta (mar mhúinteoir láncháilithe) i dhá scoil nó níos mó, ní mór don mhúinteoir foirm faoi leith a chur ar fáil i ndáil le gach aon scoil acu. Is féidir an tseirbhís múinteoireachta i scoileanna éagsúla a áireamh le chéile i ndáil leis an tairseach 300 uair an chloig ach foirmeacha éagsúla a líonadh isteach (foirm amháin in aghaidh na scoile).

3.2.3.3 Is féidir Foirm B a líonadh isteach i ndáil le scoil dara leibhéal iar-bhunscolaíochta le haitheantas an stáit i dtír ar bith. D'fhéadfadh go n-iarrfaí fianaise breise i dtaca leis sin. Is faoin gComhairle a dheimhniú más leor an fhianaise a chuirtear ar fáil chun díolúine a thabhairt maidir le riachtanas an FI in Éirinn.

3.2.3.4 Déanfaidh an Chomhairle ansin an coinníoll clárúcháin maidir le próiseas an FI a ghlanadh ar Fhoirm B líonta go hiomlán a fháil.

3.2.3.5 Tá Foirm B ar fáil le híoslódáil ón tairseach Logáil Isteach/Mo Chlárúchán ar www.teachingcouncil.ie.

### *3.2.4 Eolas Breise*

3.2.4.1 Is faoin múinteoir cláraithe post a aimsiú lena sásaítear na riachtanais a ghabhann leis an bpróiseas FI.

## 3.3 Nósanna imeachta agus critéir maidir leis an gClár Ceardlann Ionduchtúcháin

### *Réamhrá*

Ní mór do mhúinteoirí, a bhfuil Promhadh nó Fóstaíocht Iarcháilíochta (FI) curtha i gcrích acu roimhe seo nó a bhfuil na Ceardlanna Ionduchtúcháin fós le réiteach acu ar a gclárúchán, an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin atá leagtha amach in 3.3.1.4 a chur i gcrích.

Tá sé tábhachtach a thabhairt ar aird nach mór do mhúinteoirí atá cláraithe ar an 1 Meitheamh 2020 nó i ndiaidh an dáta sin an próiseas Droichead a chur i gcrích agus ní bheidh tionchar ag an gClár Ceardlann Ionduchtúcháin a chur i gcrích ar an gclárúchán. Mar sin féin, d'fhéadfaidís roghnú an clár a chur i gcrích chun críocha forbartha gairmiúla leanúnaí.

### *3.3.1 An Clár Ceardlann Ionduchtúcháin (bunscolaíocht agus iar-bhunscolaíocht)*

3.3.1.1 Clár solúbtha maidir le foghlaim ghairmiúil an mhúinteora atá sa Chlár Ceardlann Ionduchtúcháin a eagraítear agus an múinteoir ag tosú ar an tslí ghairme, gairid tar éis cáilíocht múinteora a bhaint amach go hiondúil. Is é cuspóir atá leis an gClár cúnamh taca gairmiúil agus pearsanta a chur ar fáil de réir córais don mhúinteoir agus é/í ag leanúint leis an bhforbairt mar fhoghlaimeoir feadh saoil.

3.3.1.2 Ó mhí Meán Fómhair 2012 ar aghaidh, ní mór do mhúinteoirí atá ag dul faoin bpróiseas promhaidh nó faoin bpróiseas FI, an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin a chur i gcrích. Anuas orthu sin, ní mór d'aon mhúinteoir eile a dhéanann iarratas ar chlárúchán faoi Rialachán a Dó/Modh 1 (Bunscolaíocht), Rialachán a Trí/Modh 4 (Eile) nó Rialachán a Ceathair/Modh 2 (Iar-bhunscolaíocht)6 an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin a chur i gcrích sa chás nach ndearna siad roimhe seo:

a) na riachtanais phromhaidh (bunscolaíocht) roimh an 02 Iúil 2012 a shásamh

b) na riachtanais FI (iar-bunscolaíocht) roimh an 02 Iúil 2012 a shásamh, nó

c) go ndearna siad clár ionduchtúcháin aitheanta agus inchomparáide i dtír eile.

3.3.1.3 Éilítear ar mhúinteoirí clár ceardlann ionduchtúcháin a chur i gcrích lena mbaineann 20 uair an chloig d'fhoghlaim ghairmiúil taobh istigh de thrí bliana ó dháta an chlárúcháin tosaigh.

5. Ciorclán 0021/2022 na Roinne Oideachais

3.3.1.4 Is féidir le múinteoirí dhá rogha a roghnú. Rogha A - is féidir leo roghnú idir réimse ceardlann ar líne atá ar fáil ar ardán foghlama ar líne an Chláir Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) ag **https://onlinelearning.teacherinduction.ie**. Mar mhalairt air sin le comhaontú ón scoil, d'fhéadfaidís Rogha B a roghnú agus 14 uair an chloig de cheardlanna ar líne a chur i gcrích chomh maith le 6 uair an chloig d'fhoghlaim scoilbhunaithe a bhfuil tacaíocht faighte ó mheantóir oilte an CNIM / comhalta an FTG.

| | **ROGHA A** | **ROGHA B** |
|---|---|---|
| | **Gan Aon Mheantóireacht ar Scoil ó Mheantóir le hOiliúint ón CNIM** | **Ag Baint Leas as Meantóireacht ar Scoil ó Mheantóir le hOiliúint ón CNIM** |
| Ceardlanna* | 20 uair a chloig ar a laghad | 14 uair a chloig ar a laghad |
| Foghlaim Ináirithe bunaithe ar an Scoil** | N/A | 6 uair a chloig ar a mhéad |

*Tá ceardlanna á n-éascú faoi láthair trí ardán foghlama ar líne an CNIM ag https://onlinelearning.teacherinduction.ie
**Ní mór meantóir le hoiliúint ón CNIM/ comhalta FTG a bheith ag an scoil.

3.3.1.5 Déantar sonraí maidir leis na múinteoirí a bhfuil an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin críochnaithe acu a sheoladh díreach chuig an gComhairle Mhúinteoireachta go tráthrialta i rith na bliana. Déanann an Chomhairle ansin an coinníoll clárúcháin maidir leis an gClár Ceardlann Ionduchtúcháin a ghlanadh.

3.3.1.6 3.3.1.6 An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí (CNIM) a dhéanann comhordú ar an gClár Ceardlann Ionduchtúcháin agus tá sonraí breise ar fáil ar láithreán gréasáin an CNIM ag **www.teacherinduction.ie.**

3.3.1.7 Ba cheart do mhúinteoirí a bhfuil an Clár Ceardlann Iondúchtúcháin curtha i gcrích acu go pointe áirithe nó go hiomlán breathnú ar na Socruithe Idirthréimhseacha chun fáil amach an bhfuil díolúintí i gceist.

6. Féach Aguisín 7.

# 4 *Droichead* agus gluaiseacht idir scoileanna

4.1 Mar gheall ar nádúr na fostaíochta ag múinteoirí i rith na mblianta tosaigh den tslí ghairme, síltear go mbeidh múinteoirí ag athrú idir scoileanna.

Tá socruithe idirthréimhseacha 2022/2023 foilsithe ar láithreán gréasáin na Comhairle d'fhonn treoir a thabhairt do mhúinteoirí a chuir tús roimh an scoilbhliain reatha lena gcuid coinníollacha maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chomhlíonadh. Leis na socruithe seo, tacófar freisin le múinteoirí nuair atá siad ag athrú idir scoileanna.

Is féidir ceisteanna agus soiléiriú maidir le clárúchán le coinníollacha a sheoladh ar an ríomhphost go díreach chuig an gComhairle ag **conditions@teachingcouncil.ie.**

# 5 Sonraí teagmhála

| CINEÁL AN FHIOSRÚCHÁIN | TEAGMHÁIL |
|---|---|
| Déanann múinteoirí atá ag cur iarratas isteach chun tús a chur leis an bpróiseas *Droichead* | iarratas chuig an gcuid Logáil Isteach/ Mo Chlárúchán ar láithreán gréasáin na Comhairle<br>t: +353 (0)1 651 7900<br>e: conditions@teachingcouncil.ie<br>w: www.teachingcouncil.ie |
| Scoileanna ar mian leo páirt a ghlacadh sa phróiseas *Droichead* | Comhlánaigh an fhoirm chlárúcháin maidir le Scoileanna *Droichead* ar www.teacherinduction.ie<br>Sonraí teagmhála an CNIM:<br>An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do<br>t: +353 (0)1 452 8020<br>e: info@teacherinduction.ie<br>w: www.teacherinduction.ie |
| Múinteoirí atá ag iarraidh na Cnuaschruinnithe ar líne don phróiseas *Droichead* a chur i gcrích | Ní mór do mhúinteoirí clárú le hIonad Oideachais Dhún na nGall ar an ardán seo a leanas https://nipt-droichead.com |
| Múinteoirí atá ag iarraidh na Ceardlanna Ionduchtúcháin ar líne a dhéanamh | Tá Ceardlanna Ionduchtúcháin, a bhí á n-éascú roimhe seo i gcomhar le líonra Ionad Tacaíochta Oideachais na hÉireann, anois ar fáil ar líne amháin trí ardán foghlama ar líne an CNIM ag https://onlinelearning.teacherinduction.ie |
| Ceisteanna maidir leis an gClár Ceardlann Ionduchtúcháin, *Droichead* agus Cnuaschruinnithe | An Clár Náisiúnta Ionduchtúcháin do Mhúinteoirí:<br>t: +353 (0)1 452 8020<br>e: info@teacherinduction.ie<br>w: www.teacherinduction.ie |
| Clárúchán múinteoirí agus ceisteanna maidir le Coinníollacha | An Chomhairle Mhúinteoireachta:<br>t: +353 (0)1 651 7900<br>e: info@teachingcouncil.ie / conditions@teachingcouncil.ie<br>w: www.teachingcouncil.ie<br>Logáil isteach féinseirbhíse trí dul chuig Logáil Isteach /Mo Chlárúchán ar leathanach baile na Comhairle |

# Aguisín 1

## Amlínte don Chéim Fáis maidir leis an bpróiseas *Droichead*

Ó na blianta 2020/2021, is é an próiseas *Droichead* an t-aon mhodh ionduchtúcháin do gach MNC

Tá an sceideal don chéim fáis maidir le *Droichead* ón mbliain 2016 go 2021 leagtha amach thíos

| BUNSCOILEANNA | SCEIDEAL DON CHÉIM FÁIS | |
|---|---|---|
| 2016/2017 | *Droichead an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) i Suíomhanna Riachtanas Speisialta Oideachais* | Beidh scoileanna i ngach catagóir in ann roghnú páirt a ghlacadh sa phróiseas Droichead in aon cheann de na blianta sin, más mian leo sin a dhéanamh roimh na dátaí atá leagtha amach thall. |
| 2017/2018 | *Droichead an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta nó i mbunscoileanna móra ina bhfuil príomhoide móide 24 gnáthmhúinteoir nó níos mó* | |
| 2018/2019 | *Droichead an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta agus i mbunscoileanna móra ina bhfuil 16 ghnáthmhúinteoir nó níos mó* | |
| 2019/2020 | *Droichead Droichead an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta agus i ngach bunscoil ina bhfuil príomhoide riaracháin* | |
| 2020/2021 | *Droichead Droichead an modh ionduchtúcháin do gach Múinteoir Nuacháilithe (MNC) bunscoile* | |

| POST-PRIMARY SCHOOLS | SCHEDULE FOR GROWTH PHASE | |
|---|---|---|
| 2016/2017 | *Droichead an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) i Suíomhanna Riachtanas Speisialta Oideachais* | Is féidir le scoileanna in aon chatagóir roghnú páirt a ghlacadh sa phróiseas Droichead in aon cheann de na blianta sin, más mian leo sin a dhéanamh, roimh na dátaí atá leagtha amach thall. |
| 2017/2018 | *Droichead an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta nó in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 700 dalta nó níos mó* | |
| 2018/2019 | *Droichead an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta agus in iar-bhunscoileanna móra ina bhfuil 400 dalta nó níos mó* | |
| 2019/2020 | *Droichead an modh ionduchtúcháin do Mhúinteoirí Nuacháilithe (MNC) i suíomhanna Riachtanas Oideachais Speisialta agus in iar-bhunscoileanna ina bhfuil 200 dalta nó níos mó* | |
| 2020/2021 | *Droichead an modh ionduchtúcháin do gach Múinteoir Nuacháilithe (MNC) iar-bhunscoile* | |

# Aguisín 2
# *Droichead*: Treoir Ghairid
## (Bunoideachas agus Iar Bhunoideachas)

Ó Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas Droichead an t-aon mhodh ionduchtúcháin a bheidh ann do gach MNC bunscoile agus iar-bhunscoile.

## *Droichead*: Treoir Ghairid

COSÁN
DROICHEAD
ITE

### Bunscolaíocht

**Ó Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas Droichead an t-aon mhodh**

| ***DROICHEAD*: AN CREAT COMHTHÁITE MAIDIR LE HIONDUCHTÚCHÁN GAIRME** |
|---|
| Conradh/tairiscint fostaíochta 60 lá ar a laghad i ndiaidh a chéile i suíomh inchailithe |
| **Conas Iarratas a dhéanamh ar an bPróiseas *Droichead* agus Conas é a Chur i gCrích** |
| 1) Déan iarratas trí thairseach na Comhairle Múinteoireachta ag www.teachingcouncil.ie. Roghnaigh an rogha "Logáil Isteach / Mo Chlárúchán", ansin "Mo Choinníollacha" agus ansin "Amharc ar Shonraí" ar do choinníoll *Droichead* |
| 2) Bí páirteach sa phróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtúchán Scoilbhunaithe<br>- Le tacaíocht na Foirne Tacaíochta<br>AGUS<br>**Snáithe B:** Bearta Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastal ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma (Breathnaigh ar Nóta 9 thíos)<br>- Tabhair faoi Bheart Foghlama Gairmiúla amháin eile ar a laghad roghnaithe i gcomhairle leis an FTG |
| 3) Cuir deireadh leis trí Fhoirm D *Droichead* ar líne a chomhlánú ar thairseach na Comhairle Múinteoireachta Roghnaigh an rogha "Logáil Isteach / Mo Chlárúchán", ansin "Mo Choinníollacha" agus ansin "Amharc ar Shonraí" ar do choinníoll *Droichead*. Roghnaigh an rogha chun d'Fhoirm D *Droichead* a chomhlánú |

#### Pointí le tabhairt ar aird

1. Sular gcuireann tú iarratas isteach ar an bpróiseas *Droichead*, ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh;
   i) a dhearbhú go bhfuil tú i suíomh incháilithe agus go sásaíonn tú an t-íosriachtanas maidir leis an tréimhse ama don phróiseas.
   ii) a dhearbhú go bhfuil do scoil sásta tú a éascú tríd an bpróiseas trí Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla a chur ar fáil chun obair a dhéanamh go comhoibríoch chun tacú leat agus chun meantóireacht a dhéanamh ort le linn do phróisis ionduchtúcháin.
   iii) Léigh agus tuig Cuid 2 den cháipéis maidir le Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta ionas go mbeidh tú ar an eolas go hiomlán faoin bpróiseas *Droichead* agus faoin méid atá ag teastáil uait chun an próiseas a chur i gcrích. Is féidir teacht ar an gcáipéis sin faoi "Fhoilseacháin" ag www.teachingcouncil.ie
2. Ní mór beirt mhúinteoirí ar a laghad a bheith ag d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG), múinteoirí a bhfuil dhá lá ar a laghad d'oiliúint an FTG curtha i gcrích acu sular féidir leo an próiseas a thosú leatsa.
3. Is féidir deireadh a chur le do phróiseas *Droichead* i gcás amháin nuair atá na ceithre lá uile d'oiliúint an FTG curtha i gcrích ag comhaltaí uile an FTG.
4. Chun tuilleadh eolais a fháil maidir le conarthaí postroinnte nó páirtaimseartha, déan tagairt do na Coinníollacha maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta - Socruithe Idirthréimhseacha atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle.
5. Nuair a chuireann tú isteach ar an bpróiseas *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost lena n-admhaítear go bhfuarthas d'iarratas. Nuair atá áit faighte agat ar an bpróiseas *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe.
6. Leis an ríomhphost deimhnithe, cuirfear naisc ar fáil le teacht ar eolas agus cáipéisí tábhachtacha. Tugtar cead tús a chur le do phróiseas agus áireofar do dháta tosaigh.
7. Ní féidir tús a chur le do phróiseas *Droichead* go dtí go bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta.
8. Tá cóip den ríomhphost deimhnithe ag teastáil ó do FTG chun tús a chur le do phróiseas *Droichead*.
9. Tá cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth chun freastal ar Chnuaschruinnithe.

Is éard is *Droichead* ná coinníoll maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chuirtear i bhfeidhm ar MNCanna Bunscoile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na coinníollacha sin sna Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta agus *Droichead*: Tá an Creat Comhtháite maidir le hIonduchtúchán Gairme do mhí an Mhárta 2017 ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.teachingcouncil.ie.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# *Droichead*: Treoir Ghairid

COSÁN
DROICHEAD
ITE

## Iar-bhunscolaíocht

**Ó Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas Droichead an t-aon mhodh ionduchtúcháin do gach MNC iar-bhunscoile.**

| ***DROICHEAD*: AN CREAT COMHTHÁITE MAIDIR LE HIONDUCHTÚCHÁN GAIRME** |
|---|
| Conradh/tairiscint fostaíochta de 200 uair an chloig ar a laghad i suíomh incháilithe in iar-bhunscoil aonair |
| Déan iarratas trí thairseach na Comhairle Múinteoireachta ag www.teachingcouncil.ie. Roghnaigh an rogha "Logáil Isteach / Mo Chlárúchán", ansin "Mo Choinníollacha" agus ansin "Amharc ar Shonraí" ar do choinníoll *Droichead* |
| 1) Déan iarratas chuig an gComhairle Mhúinteoireachta trí logáil isteach ar 'Mo Chlárúchán' ar láithreán gréasáin na Comhairle www.teachingcouncil.ie . |
| 2) Bí páirteach sa phróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtúchán Scoilbhunaithe<br>- Le tacaíocht na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG)<br>AGUS<br>**Snáithe B:** Bearta Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastal ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma (Breathnaigh ar Nóta 8 thíos)<br>- Tabhair faoi Bheart Foghlama Gairmiúla amháin eile roghnaithe i gcomhairle leis an FTG |
| 3) Cuir deireadh leis trí Fhoirm D *Droichead* ar líne a chomhlánú ar Thairseach na Comhairle Múinteoireachta. Roghnaigh an rogha "Logáil |

### Pointí le tabhairt ar aird

1. Pointí le tabhairt ar aird

1. Sular gcuireann tú iarratas isteach ar an bpróiseas *Droichead*, ní mór duit na nithe seo a leanas a dhéanamh;

i) a dhearbhú go bhfuil tú i suíomh incháilithe agus go sásaíonn tú an t-íosriachtanas maidir leis an tréimhse ama don phróiseas.

ii) a dhearbhú go bhfuil do scoil sásta tú a éascú tríd an bpróiseas trí Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla a chur ar fáil chun obair a dhéanamh go comhoibríoch chun tacú leat agus chun meantóireacht a dhéanamh ort le linn do phróisis ionduchtúcháin.

iii) Léigh agus tuig Cuid 2 den cháipéis maidir le Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta ionas go mbeidh tú ar an eolas go hiomlán faoin bpróiseas *Droichead* agus faoin méid atá ag teastáil uait chun an próiseas a chur i gcrích. Is féidir teacht ar an gcáipéis sin faoi "Fhoilseacháin" ag www.teachingcouncil.ie

2. Ní mór beirt mhúinteoirí ar a laghad a bheith ag d'Fhoireann Tacaíochta Gairmiúla (FTG), múinteoirí a bhfuil dhá lá ar a laghad d'oiliúint an FTG curtha i gcrích acu sular féidir leo an próiseas a thosú leatsa.

3. Is féidir deireadh a chur le do phróiseas *Droichead* i gcás amháin nuair atá na ceithre lá uile d'oiliúint an FTG curtha i gcrích ag comhaltaí uile an FTG.

4. Nuair a chuireann tú isteach ar an bpróiseas *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost lena n-admhaítear go bhfuarthas d'iarratas. Nuair atá áit faighte agat ar an bpróiseas *Droichead*, gheobhaidh tú ríomhphost deimhnithe.

5. Leis an ríomhphost deimhnithe, cuirfear naisc ar fáil le teacht ar eolas agus cáipéisí tábhachtacha. Tugtar cead tús a chur le do phróiseas agus áireofar do dháta tosaigh.

6. Ní féidir tús a chur le do phróiseas *Droichead* go dtí go bhfaigheann tú an ríomhphost deimhnithe ón gComhairle Mhúinteoireachta.

7. Tá cóip den ríomhphost deimhnithe ag teastáil ó do FTG chun tús a chur le do phróiseas *Droichead*.

8. Tá cóip den ríomhphost deimhnithe de dhíth chun freastal ar Chnuaschruinnithe.

Is éard is *Droichead* ná coinníoll maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a chuirtear i bhfeidhm ar MNCanna iar-bhunscoile. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar na coinníollacha sin sna Nósanna Imeachta agus Critéir um Chleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta agus *Droichead*: Tá an Creat Comhtháite maidir le hIonduchtúchán Gairme do mhí an Mhárta 2017 ar fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle ag www.teachingcouncil.ie.

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Aguisín 3

# Post Treoir Leagáide um Choinníollacha maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta

Roimh an 1 Meitheamh 2020, bhí feidhm leis na coinníollacha maidir le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta maidir le Múinteoirí Nuacháilithe Bunscoile agus Iar-bhunscoile de ghnáth nuair a chláraigh siad leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá an t-eolas seo a leanas ábhartha i gcúinsí teoranta amháin sa chás go bhfuil múinteoirí a chláraigh roimh an 1 Meitheamh 2020 ag comhlíonadh a gcoinníollacha tríd na Próisis Thraidisiúnta. Ba cheart an chuid seo a léamh i gcomhar leis na Coinníollacha reatha maidir le Cleachtadh Gairmiúil Iarcháilíochta - Socruithe Idirthréimhseacha

## Bunscolaíocht

| *DROICHEAD*: An Creat Comhtháite maidir le hIonduchtúchán Gairme |
|---|
| 60 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad |
| 1) Déan iarratas chuig an gComhairle trí logáil isteach ar 'Mo Chlárú' ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta |
| 2) Bí páirteach sa phróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtúchán Scoilbhunaithe<br>- Le tacaíocht na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG)<br>AGUS<br>**Snáithe B:** Bearta Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastal ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma<br>- Tabhairt faoi Bheart Foghlama Gairmiúla amháin eile roghnaithe i gcomhairle leis an FTG |
| 3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur ar aghaidh |

**NÓ**

| PRÓISIS THRAIDISIÚNTA | |
|---|---|
| PROBHADH – NÍL SÉ AR FÁIL MEÁN FÓMHAIR NA BLIANA 2020 | IONDUCHTÚCHÁN Ó NA CEARDLANNA |
| 100 lá i ndiaidh a chéile ar a laghad x 50 or 1 x 100) | 20 uair an chloig tinreamh - roghanna solúbtha |
| 1) Iarratas a dhéanamh chuig Ionad Oideachais Luimnigh (IOL) ag úsáid Foirm OP1 | 1) Déan iarratas chuig d'Ionad Oideachais áitiúil |
| 2) Ráiteas inniúlachta ón IOL a fháil i ndiaidh toradh sásúil a fháil ón bhFoireann Cigireachta. | 2) Cuir 10 ceardlann i gcrích NÓ cuir 6 uair an chloig i gcrích ag déanamh meantóireachta agus 7 gceardlann |

## Iar-Bhunscolaíoch

| *DROICHEAD*: An Creat Comhtháite maidir le hIonduchtúchán Gairme |
|---|
| Conradh 200 uair an chloig ar a laghad in Iar-bhunscoil amháin |
| 1) Déan iarratas chuig an gComhairle trí logáil isteach ar 'Mo Chlárúchán' ar láithreán gréasáin na Comhairle Múinteoireachta |
| 2) Bí páirteach sa phróiseas *Droichead*:<br>**Snáithe A:** Ionduchtúchán Scoilbhunaithe<br>- Le tacaíocht na Foirne Tacaíochta Gairmiúla (FTG)<br>AGUS<br>**Snáithe B:** Bearta Foghlama Gairmiúla Breise<br>- Freastal ar Chnuaschruinniú MNC amháin in aghaidh an téarma<br>- Tabhairt faoi Bheart Foghlama Gairmiúla amháin eile roghnaithe i gcomhairle leis an FTG |
| 3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur ar aghaidh |

**NÓ**

| PRÓISIS THRAIDISIÚNTA | |
|---|---|
| IARCHÁILÍOCHTA (FI) - CEARDLANNA AR FÁIL I GCUINSÍ TEORANTA AMHÁIN | CEARDLANNA IONDUCHTÚCHÁIN MAIDIR LE FOSTAÍOCHT |
| 300 uair an chloig ar a laghad ag múineadh in iar-bhunscoil amháin nó níos mó | 20 uair an chloig tinrimh - roghanna solúbtha |
| 1) Níl aon iarratas de dhíth | 1) Apply to your local Education Centre |
| 2) Cuir 300 uair an chloig múinteoireachta i gcrích:<br>- 200 uair an chloig ar a laghad ag múineadh ábhar curaclaim iar-bhunscoile<br>- 200 uair an chloig ar a laghad ag múineadh ábhar curaclaim iar-bhunscoile | 2) Cuir 10 ceardlann i gcrích NÓ cuir 6 uair an chloig i gcrích ag déanamh meantóireachta agus 7 gceardlann |
| 3) Críochnaigh trí Fhoirm D a chur ar aghaidh | 3) Críochnaigh – níl aon ghníomh de dhíth, rachaidh fógra go huathoibríoch chuig an gComhairle |

# Aguisín 4
# Caighdeáin maidir le *Droichead*

Tá na caighdeáin seo a leanas leagtha amach ag an gComhairle mar bhonn treise faoin bpróiseas *Droichead* i ndáil le treoir a thabhairt don mhúinteoir nuacháilithe, i gcomhar leis an FTG, maidir leis an bhfoghlaim agus leis an gcleachtadh gairmiúil. Déantar cíoradh breise ar tháscairí an dea-chleachtais i gcomhthéacsanna éagsúla mar chuid den fhorbairt ghairmiúil i ndáil leis an FTG a ndéanann CNIM éascaíocht ina leith. Trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas *Droichead*, beidh déanta mar seo a leanas ag an múinteoir nuacháilithe:

1. páirt a ghlacadh go gairmiúil le hionduchtúchán bunaithe ar an scoil agus le bearta foghlama gairmiúla breise

2. dúthracht na gairmiúlachta a léiriú i ndáil le múinteoireacht agus foghlaim ar ardchaighdeán ar mhaithe leis na daltaí

3. páirt a glacadh sa chleachtadh machnaimh lena gcuirtear bonn treise faoin bhfoghlaim agus faoin gcleachtadh gairmiúil, go haonarach agus ag obair i gcomhar.

# Aguisín 5
# Eolas Leagáide maidir le Promhadh (Bunscolaíocht)

## 5.1 Iar-Nósanna imeachta agus critéir maidir le promhadh (bunscolaíocht)

***Réamhrá***

Ó Mheán Fómhair 2020, is é an próiseas *Droichead* an t-aon mhodh ionduchtúcháin do gach MNC bunscoile. Níl na próisis thraidisiúnta maidir le Promhadh agus Ceardlanna Ionduchtúcháin ar fáil a thuilleadh. Bhí feidhm leis na nósanna imeachta agus leis na critéir seo a leanas sa chás go raibh an próiseas promhaidh traidisiúnta á oibriú. Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais a chuir an próiseas promhaidh i bhfeidhm nuair a iarann an Chomhairle sin.

### *5.1.1 An t-iarphróiseas promhaidh*

5.1.1.1 5.1.1.1 Bhí dhá eilimint ann sa phróiseas promhaidh do mhúinteoirí bunscoile:

a) tréimhse seirbhíse sásúla i scoil a chur i gcrích (an riachtanas seirbhíse)

b) inniúlacht ghairmiúil a léiriú i suíomh scoile (riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil).

5.1.1.2 Bhí múinteoir bunscoile a bhí cláraithe faoi réir coinníollacha agus ar le cleachtadh gairmiúil iarcháilíochta a bhain na coinníollacha a bhí fós le comhlíonadh, i dteideal tús a chur leis an bpróiseas promhaidh.

Ní mór don mhúinteoir sin a dhéanamh i bpost múinteoireachta a bhí aitheanta chun críocha promhaidh i mbunscoil.

5.1.1.3 Is faoi bhráid Ionad Oideachais Luimnigh (IOL) ag www.lec.ie is ceart iarratas maidir le tabhairt faoin bpróiseas promhaidh a dhéanamh ar an gcéad dul síos chomh maith le fiosrúchán ar bith eile ina leith. Ní fhéadfadh tús a chur le promhadh ach amháin sa chás go bhfuil gach coinníoll easnaimh eile agus Riachtanas na Gaeilge (más infheidhme) comhlíonta.

5.1.1.4 An tráth ar tháinig fianaise dheimhnithe ar an bpróiseas promhaidh a chríochnú go sásúil chuig an gComhairle, glanadh sin de choinníoll leis an gclárúchán. Áirítear ar an bhfianaise:

a) Foirm C arna líonadh isteach lena ndeimhnítear an riachtanas seirbhíse a chomhlíonadh agus

b) ráiteas faoin inniúlacht ó Fhoireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna (arna chur ar fáil ag Ionad Oideachais Luimnigh (IOL).

5.1.1.5 Tá Foirm C ar fáil le híoslódáil ar [www.teachingcouncil.ie.](http://www.teachingcouncil.ie)

### *5.1.2 Suíomhanna inar féidir an próiseas promhaidh a chur i bhfeidhm*

5.1.2.1 5.1.2.1 Leis an gcéim fáis maidir le *Droichead*, leagadh amach meicníocht do scoileanna chun athrú ó na próisis thraidisiúnta maidir le promhadh go dtí an próiseas *Droichead*. Bhí sé sin bunaithe den chuid is mó ar mhéid na scoile, ach bhí scoileanna in ann a bheith páirteach sa phróiseas freisin. Lean múinteoirí bunscoile orthu ag dul faoin bpróiseas promhaidh nuair a bhí siad ag múineadh i scoileanna a bhí taobh amuigh den chéim fáis nó sa chás nach raibh an próiseas *Droichead* ar fáil sa scoil.

5.1.2.2 Chuaigh múinteoir bunscoile faoin bpróiseas promhaidh nuair a bhí siad fostaithe mar ghnáthmhúinteoir ranga i scoil seachas an chuid dá dtagraítear thuas, ar chuntar nach raibh an scoil sin cláraithe don phróiseas Droichead. Bhí fostaíocht bhuan, fostaíocht shealadach nó fostaíocht ionadaíochta incháilithe sa chás go raibh an múinteoir ag múineadh 11 ábhar Churaclam na Bunscoile, Gaeilge san áireamh, do ghnáthrang daltaí idir na naíonáin bheaga agus rang a sé (grád amháin nó níos mó ná aon ghrád amháin) ar feadh an lae iomláin scoile.

### *5.1.3 An riachtanas seirbhíse*

5.1.3.1 5.1.3.1 Chun an riachtanas seirbhíse maidir le promhadh a shásamh, ní mór do mhúinteoir bunscoile fostaíocht ináirithe a fháil i mbunscoil ar bhonn buan, sealadach nó ionadaíochta i bpost atá aitheanta chun críche promhaidh. Ní mór na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis an bhfostaíocht:

a) ar a laghad 100 lá as a chéile in aon suíomh amháin, nó

b) ar a laghad 100 lá, a bhféadfadh dhá shuíomh faoi leith a bheith i gceist leo ar feadh dhá thréimhse nach giorra aon tréimhse acu ná 50 lá as a chéile.

I gceachtar den dá chás sin, ní mór múineadh aon dream amháin daltaí ar feadh na híostréimhse a bheith i gceist leis an tréimhse fostaíochta chomh maith leis na coinníollacha a leagtar amach thuas a chomhlíonadh.

5.1.3.2 Ní mór an tseirbhís seo a dhéanamh tar éis cáilíocht in oideachas tosaigh múinteoireachta a bhaint amach agus taobh istigh de thrí bliana ar a mhéid ó dháta an chéad chlárúcháin nó, más infheidhme, ón dáta ar sásaíodh coinníollacha eile (ach amháin an Clár Ceardlann Ionduchtúcháin a d’fhéadfadh a bheith déanta an tráth céanna leis an bpromhadh). Is i rith na tréimhse ama sin a rinne Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora a mheas. Fostaíocht le pá amháin ar féidir a áireamh (féach 1.5 maidir le soiléiriú breise).

5.1.3.3 Is ar an múinteoir promhaidh féin a bhí de fhreagracht fianaise i scríbhinn maidir leis an tseirbhís a fháil ón scoil nó ó na scoileanna ina bhfostaítear é nó í agus an t-eolas sin a chur faoi bhráid na Comhairle ar Fhoirm C ionas go sásaítear an Chomhairle maidir leis an riachtanas seirbhíse a chomhlíonadh.

5.1.3.4 I gcás múinteoirí a bhí fostaithe i scoileanna aitheanta roimh an 1 Meán Fómhair 2010 agus a bhfuil gá acu le fianaise ar a gcuid seirbhíse le cur faoi bhráid na Comhairle, cuirfidh an Roinn Oideachais agus Scileanna tuairisc ar a gcuid seirbhíse anuas go dtí an 31 Lúnasa 2010 ar fáil dóibh.

### *5.1.4 An riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil*

5.1.4.1 Ionas go ndéanfaí inniúlacht ghairmiúil múinteora a mheas ar bhealach a shásódh coinníollacha promhaidh na Comhairle, rinne múinteoir iarratas ar chuairt chigireachta a chur isteach chuig Ionad Oideachais Luimnigh ar Fhoirm OP1, a bhí ar fáil ar www.lec.ie. Déanann an IOL an obair riaracháin maidir leis an bpróiseas promhaidh thar ceann Fhoireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna agus thar ceann na Comhairle.

5.1.4.2 Rinneadh iarratas ar chuairt chigireachta go leictreonach agus a luaithe a thosaigh an múinteoir i mbun seirbhíse i bpost a leanfadh go ceann tréimhse 50 lá scoile as a chéile ar a laghad. Sa chás gur thosaigh múinteoir ar fhostaíocht incháilithe, ceadaíodh cúig lá oibre ar a mhéid maidir le hiarratas iomlán a chur faoi bhráid an IOL. Ní mór go raibh an post aitheanta chun críocha promhaidh (féach thuas agus 1.5 maidir le soiléiriú breise.)

Is é an dáta ar tháinig foirm OP1 a bhí líonta go hiomlán nó an chéad dáta fostaíochta ináirithe, cibé acu is deireanaí, a bhí in úsáid maidir leis an tréimhse 50/100 lá a ríomh. Rinneadh gach dícheall a chinntiú go ndéanfaí cigireacht i rith na scoilbhliana sin maidir le gach múinteoir incháilithe a rinne iarratas maidir le scrúdú cigireachta a luaithe a thosaigh siad i mbun seirbhíse i bpost cuí. Ní mór go mbeadh múinteoirí ar fáil maidir le scrúdú cigireachta ar lá ar bith den tréimhse 50/100 lá. Ba chóir fógra maidir le neamhláithreacht réamhphleanáilte a chur ar aghaidh i bhfad roimh an am go dtí an cigire cuí. Sa chás gur tharla múinteoir a bheith as láthair ar chúis gan choinne, ba chóir don Phríomhoide nó don Leas-Phríomhoide sin a chur in iúl don chigire gan mhoill.

5.1.4.3 Bhí dáta deiridh i gceist maidir le glacadh le hiarratais. Cuireadh fógra roimh ré maidir leis an dáta deiridh in iúl ar www.lec.ie i rith an dara leath den scoilbhliain. Ní dhearnadh iarratais maidir le cuairteanna cigireachta a phróiseáil ó bhí an dáta deiridh sin caite.

Ní mór go raibh foirm iarratais OP1 nua curtha faoi bhráid an IOL chun an dara cuairt cigireachta a iarraidh sa chás gur athraigh múinteoir go dtí an dara scoil, nár chuir an próiseas *Droichead* ar fáil inti, don dara tréimhse 50 lá as a chéile.

### *5.1.5 Inniúlacht ghairmiúil a mheas: cuairteanna agus tuairiscí cigireachta*

5.1.5.1 5.1.5.1 Mar chuid den phróiseas promhaidh i rith na bliana 2019/2020, d'aontaigh Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna thar ceann na Comhairle inniúlacht ghairmiúil na múinteoirí bunscoile i ngnáthranganna i scoileanna nach bhfuil páirteach i bpróiseas *Droichead* a mheas. Is é cuspóir atá leis seo lón eolais a chur ar fáil maidir le cinntí na Comhairle i ndáil le clárúchán coinníollach nó clárúchán iomlán a dhéanamh ar mhúinteoirí bunscoile. (Féach Cuid 1.5 maidir le soiléiriú breise)

5.1.5.2 Bhí ar gach múinteoir a thugann faoin bpróiseas promhaidh páirt a ghlacadh sa Chlár Ceardlann Ionduchtúcháin (a dtugtar cuntas air i gCuid 3.3 sa cháipéis seo). Ba chóir go mbeadh cúnamh agus comhairle faighte acu freisin ó phríomhoide na scoile agus ó mhúinteoirí eile.

5.1.5.3 Rachadh an Fhoireann Cigireachta i gcomhairle le príomhoide na scoile (nó le múinteoir lánchláraithe eile arna ainmniú ag an bpríomhoide) maidir le dul chun cinn an mhúinteora agus scrúdófaí obair an mhúinteora i rith cuairt chigireachta amháin nó níos mó ná cuairt amháin nach raibh aon fhógra tugtha ina leith. D'fhéadfadh sé gur tharla cuairt chigireachta tráth ar bith i rith na scoilbhliana agus b'iondúil nach leanfadh cuairt níos faide ná leath lae scoile. Bheadh measúnú déanta ag an gcigire, i rith scrúdú cigireachta, ar éifeachtúlacht an mhúinteora i dtimpeallacht an tseomra ranga agus i mbun réimsí agus ábhair de chuid an churaclaim a theagasc, faoi mar a leagtar amach i gCuraclam na Bunscoile. Bheadh comhairle agus aiseolas ó bhéal curtha ar fáil ag an gcigire freisin don mhúinteoir le linn gach cuairte. B'inmhianaithe an príomhoide (nó múinteoir lánchláraithe eile arna ainmniú ag an bpríomhoide) a bheith i láthair ag tráth ar tugadh aiseolas ó bhéal don mhúinteoir nuachláraithe ionas go mbítear in ann cúnamh leanúnach a chur ar fáil don mhúinteoir nuacháilithe nuair a bhíonn an chuairt cigireachta thart. Ag deireadh na cuairte, bheadh sé curtha in iúl ag an gcigire don mhúinteoir an bhfuil deireadh leis an measúnú ar an inniúlacht ghairmiúil nó an dtarlódh cuairt cigireachta eile lá is faide anonn. Tá na critéir a bhíonn in úsáid ag cigirí chun obair an mhúinteora a mheas ar fáil in Aguisín 6 agus ar an láithreán gréasáin atá ag Ionad Oideachais Luimnigh ar www.lec.ie.

5.1.5.4 Ar an gcuairt (na cuairteanna) cigireachta a thabhairt chun críche, bheadh an ráta atá le lua le hobair an mhúinteora socraithe ag an bhFoireann Cigireachta mar seo a leanas:

**a) Léiríodh inniúlacht ghairmiúil shásúil i ngnáthshuíomh**

Ráta é seo lenar tugadh le fios go raibh scileanna sásúla múinteoireachta léirithe ag an múinteoir i ngnáthrang, nó

**b) Tréimhse bhreise de dhíth chun inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt agus a léiriú**

Is iondúil nach féidir ráta mar seo a úsáid ach an t-aon uair amháin, tar éis dhá chuairt chigireachta (i rith na bliana tosaigh seirbhíse go hiondúil), nuair a d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil sé molta ag an gcigire go bhfuil breis ama ag teastáil ón múinteoir chun teacht chun cinn agus an inniúlacht ghairmiúil shásúil a léiriú. D'fhéadfadh sin a theacht i gceist mar gheall gurb é breith an chigire go raibh laige suntasach ag baint le hobair an mhúinteora agus go raibh breis ama ag teastáil uaidh/uaithi chun na scileanna cuí a fhorbairt,

nó

**c) Níor léiríodh inniúlacht ghairmiúil shásúil**

Ráta lenar tugadh le fios gurb é breith an chigire nár léirigh an múinteoir scileanna sásúla múinteoireachta sa suíomh ina raibh obair an mhúinteora á meas.

5.1.5.5 Chuirfeadh an Fhoireann Cigireachta deimhniú i scríbhinn (le teachtaireacht ríomhphoist ón IOL) ar fáil don mhúinteoir a bhfuil inniúlacht ghairmiúil shásúil léirithe aige nó aici.

5.1.5.6 Sa chás go raibh toradh sásúil ar an gcéad chuairt cigireachta ar mhúinteoir i suíomh teoranta roimh an scoilbhliain 2016/17, bhí socruithe nua i bhfeidhm. Déantar na socruithe idirthréimhseacha sin a fhoilsiú ar www.teachingcouncil.ie.

5.1.5.7 Ba ar an múinteoir féin a bhí sé de fhreagracht an deimhniú i scríbhinn sin a chur faoi bhráid na Comhairle, chomh maith le cruthúnas maidir leis an gcoinníoll seirbhíse, trí Fhoirm C a chur faoi bhráid arna líonadh isteach, ionas go sásaítear an Chomhairle i ndáil leis an gcoinníoll maidir le hinniúlacht ghairmiúil a chomhlíonadh.

5.1.5.8 5.1.5.7 Ba ar an múinteoir féin a bhí sé de fhreagracht an deimhniú i scríbhinn sin a chur faoi bhráid na Comhairle, chomh maith le cruthúnas maidir leis an gcoinníoll seirbhíse, trí Fhoirm C a chur faoi bhráid arna líonadh isteach, ionas go sásaítear an Chomhairle i ndáil leis an gcoinníoll maidir le hinniúlacht ghairmiúil a chomhlíonadh.

5.1.5.8 I gcás múinteoirí arb é ráta a luadh lena gcuid oibre "go bhfuil gá le tréimhse breise forbartha chun inniúlacht ghairmiúil a léiriú" nó "nár léiríodh inniúlacht ghairmiúil shásúil", chuirfeadh an Fhoireann Cigireachta tuairisc i scríbhinn ar fáil don mhúinteoir, tríd an IOL, ina leagtar amach toradh na meastóireachta agus ina luaitear comhairle maidir le breis forbartha.

5.1.5.9 Sa chás gur cuireadh síneadh leis an tréimhse promhaidh is faide ná na gnáthriachtanais seirbhíse, ba ar an múinteoir a bhí de fhreagracht na bearta is gá a dhéanamh chun an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche a luaithe a thosaítear ar sheirbhís ináirithe i scoil i rith na scoilbhliana dar gcionn. Ní iondúil gur féidir le múinteoirí den sórt sin iarratas a dhéanamh maidir le cuairt chigireachta bhreise i rith na scoilbhliana chéanna. Is féidir leis an múinteoir, de rogha air sin, dul faoin bpróiseas *Droichead*. (Féach Cuid 2 agus Cuid 4.1 maidir le soiléiriú breise).

5.1.5.10 Sa chás gurb é breith an chigire "nár léirigh an múinteoir inniúlacht ghairmiúil shásúil" de réir an chuntais thuas, ba ar an múinteoir a bhí sé de fhreagracht na bearta riachtanacha a dhéanamh chun an próiseas promhaidh a thabhairt chun críche a luaithe a thosaítear ar sheirbhís ináirithe i scoil i rith na scoilbhliana dár gcionn. Ní mór don mhúinteoir tréimhse seirbhíse eile a chur i gcrích nach giorra ná dhá thréimhse 50 lá scoile as a chéile, leis an aon rang amháin sa dá chás, a ndéanfaí inniúlacht ghairmiúil an mhúinteora a mheas lena linn.

5.1.5.11 Ní dhéantar feasta tuairisc i scríbhinn a chur ar fáil don mhúinteoir tar éis toradh sásúil ar mheasúnú ar an inniúlacht ghairmiúil.

5.1.5.12 Is féidir le múinteoir athbhreithniú ar scrúdú cigireachta a lorg i gcomhréir leis na Nósanna Imeachta maidir le hAthbhreithniú ar Scrúduithe Cigireachta ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí faoi Alt 13(9) an Achta Oideachais, 1998 atá ar fáil ar **www.education.ie.**

5.1.5.13 Ó mhí Mheán Fómhair 2016 ar aghaidh, ní thugann an Fhoireann Cigireachta cuairteanna breise feasta ar mhúinteoirí a cuireadh faoi phróiseas promhaidh roimhe seo i suíomh teoranta agus a d'athraigh idir an dá linn go dtí gnáthshuíomh. (Féach Cuid 3.1.2 "Múinteoirí a ndearnadh a bpromhadh roimhe seo i suíomh teoranta" chun tuilleadh eolais a fháil)

### *5.1.6 An próiseas promhaidh a thabhairt chun críche*

5.1.6.1 Tháinig deireadh leis an tréimhse phromhaidh an tráth a raibh an Chomhairle cinnte go ndearnadh an riachtanas seirbhíse agus an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil a shásamh go hiomlán. Chuir an Chomhairle deimhniú ar fáil don mhúinteoir maidir lena bheith cláraithe go coinníollach nó go hiomlán mar mhúinteoir.

5.1.6.2 5.1.6.2 Múinteoirí atá cláraithe faoi Mhodh 1/Rialachán 2 (Bunscolaíocht) agus a chomhlíon an riachtanas maidir le hinniúlacht ghairmiúil go sásúil trí chumasc de ghnáthshuíomh agus de shuíomh teoranta roimh mhí Mheán Fómhair 2016, measadh gur sa suíomh inar tharla an chuairt (na cuairteanna) cigireachta deiridh a shásaigh na múinteoirí an coinníoll promhaidh.

5.1.6.3 Sa chás nach gcomhlíontar an coinníoll clárúcháin seo go sásúil taobh istigh den teorainn ama a luaitear, d'fhéadfadh clárúchán an mhúinteora teacht i léig dá bharr sin agus d'fhéadfadh toradh tromchúiseach a bheith aige sin ar incháilitheacht an mhúinteora maidir le fostaíocht i scoil.

5.1.6.4 Tá modh athbhreithnithe ar bun ag an gComhairle sa chás go bhfuil clárúchán ar tí dul i léig mar gheall ar neamhchomhlíonadh coinníll.

5.1.6.5 Tá clárúchán leis an gComhairle ina riachtanas ar mhúinteoirí ionas gur féidir iad a íoc as cistí poiblí (Alt 30 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001; Ciorclán 0025/2013 na Roinne Oideachais agus Scileanna).

### *5.1. 7 Riachtanas na Gaeilge*

5.1.7.1 Tá de choinníoll le clárúchán faoi Mhodh 1/Rialachán 2 (Bunscolaíocht) go sásaíonn an múinteoir Riachtanas Gaeilge na Comhairle. Múinteoirí ar gá dóibh an Chomhairle a shásamh maidir lena gcuid inniúlachta i mbun Gaeilge a mhúineadh (mar shampla múinteoirí a cuireadh faoi oiliúint tosaigh múinteoireachta taobh amuigh den Stát), déanann siad sin trí scrúdú inniúlachta a sheasamh (Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG)) nó tréimhse oiriúnachta a chur isteach (Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG)). Déantar tástáil, leis an dá mhodh sin, ar chumas an mhúinteora Gaeilge a mhúineadh sa seomra ranga. Tá sonraí iomlána ar fáil ar **www.ilrweb.ie.** (Féach Cuid 1.6.2)

5.1.7.2 Chun an SCG nó an OCG a ghnóthú, beidh ar mhúinteoirí cruthúnas a chur ar fáil don chomhordaitheoir SCG/ OCG in Institiúid Oideachais Marino go ndearnadh freastal ar chúrsa Gaeltachta trí seachtaine atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

5.1.7.3 NÓTA: Anuas go dtí an 1 Meán Fómhair 2010, bhíodh ar mhúinteoirí a ghnóthaigh an SCG nó an OCG inniúlacht ghairmiúil a léiriú i mbun mhúineadh na Gaeilge i suíomh an tseomra ranga. Bhíodh ar na múinteoirí sin tuairisc (ráiteas) cigireachta ar inniúlacht shásúil ar an nGaeilge a mhúineadh a fháil taobh istigh de dhá bhliain ó dhul i mbun gnáthphost múinteoireachta. I bhfianaise scrúdú á dhéanamh anois mar chuid den phróiseas measúnaithe maidir leis an SCG agus leis an OCG araon ar chumas an mhúinteora Gaeilge a mhúineadh i ngnáthshuíomh an tseomra ranga, níl gá feasta le tuairisc cigireachta (ráiteas) breise. Níl an nós imeachta sin in úsáid ón 1 Meán Fómhair 2010.

# Aguisín 6
# Critéir Leagáide maidir le Cigireachtaí Promhaidh

***Pleanáil, ullmhúchán agus tuairisc a choinneáil ar an dul chun cinn***

Léiríonn an múinteoir nuacháilithe go bhfuiltear i mbun pleanáil fhadtéarmach agus ghearrthéarmach i gcomhréir le polasaithe na scoile (e.g., measúnú agus polasaithe teagaisc agus foghlama eile a bhaineann le hábhar) agus le curaclam na bunscoile de réir na gcritéar seo a leanas:

Cuirtear tráthchlár leordhóthanach ranga le chéile le tagairt don chreat maidir le híosmhéid ama in aghaidh na seachtaine a shonraítear i gCuraclam na Bunscoile agus na moltaí a luaitear i gCiorclán 0056/2011 agus 0066/2011

Cuirtear cuspóirí teagaisc agus foghlama atá soiléir oiriúnach ar fáil leis an aird chuí ar Churaclam na Bunscoile agus ar Phlean na Scoile.

Déantar pleanáil maidir le héagsúlacht cumais, cúlraí agus stíleanna foghlamtha idir na daltaí.

Coinnítear tuairiscí ardchaighdeáin ar an dul chun cinn agus ullmhaítear réimse oiriúnach acmhainní.

***Bainistíocht agus eagar sa seomra ranga***

Léiríonn an múinteoir nuacháilithe (MNC) scileanna bainistíochta maithe maidir leis an seomra ranga i ndáil leis na critéir seo a leanas: Spreagann an MNC dea-iompar trí leas a bhaint as córais bainistíochta cuí maidir le hiompar. Cothaíonn an MNC caidreamh ceanúil leis na daltaí (moladh agus aiseolas dearfach san áireamh).

Cuireann an MNC timpeallacht tharraingteach foghlama ar fáil (leagan amach, caighdeán an ábhair taispeántais, saothar na ndaltaí san áireamh, ionaid spéise etc.) Baineann an MNC úsáid éifeachtach as acmhainní.

Déanann an MNC bainistíocht i gcomhthéacs an tseomra ranga maidir le cúnamh an chúntóra riachtanas speisialta (nuair is cuí sin).

***Caighdeán na múinteoireachta ar fud réimsí an churaclaim***

Léiríonn an MNC dúthracht shásúil maidir le dea-mhúinteoireacht de réir na gcritéar seo a leanas:

Oibríonn an MNC go neamhspleách trí chúnamh, treoir agus spreagadh a chur ar fáil do na daltaí ar mhaithe le torthaí foghlamtha ardchaighdeáin a bhaint amach.

Baineann an MNC leas as réimse oiriúnach de mhodhanna teagaisc, d'acmhainní agus de mhodhanna measúnachta. Tráchtann an MNC ar réimse oiriúnach ábhair.

Déanann an MNC soláthar d'éagsúlacht maidir le cumas, cúlra agus stíleanna foghlamtha na ndaltaí le cúram faoi leith do leibhéil na ndaltaí maidir le haird ar an ábhar agus le glacadh le heolas.

Léiríonn an MNC dea-scileanna cumarsáide, Leagann an MNC ceachtanna amach go stuama ó thaobh ábhair agus luais. Cinntíonn an MNC aird ar chúrsaí leanúnachais agus ar dhul ar aghaidh.

***Caighdeán fhoghlaim na ndaltaí ar fud réimsí an churaclaim***

Léiríonn an MNC dúthracht shásúil maidir le dea-mhúinteoireacht de réir na gcritéar seo a leanas: Cinntíonn an MNC go bhfuil aird na daltaí ar an ábhar agus iad ag obair go críochnúil

Cuireann an MNC ar chumas na ndaltaí eolas ar an ábhar a phléitear, scileanna agus tuairimí cuí a léiriú. Cinntíonn an MNC go mbíonn torthaí foghlamtha na ndaltaí ar chaighdeán maith.

(Foinse: Foireann Cigireachta na Roinne Oideachais agus Scileanna)

# Aguisín 7
# Rialacháin Chlárúcháin 2016

Thug an Chomhairle rialacháin nua chlárúcháin isteach an 25 Iúil 2016 agus a ndearnadh a leasú air. Faoi na rialacháin nua, déanfar múinteoirí a chlárú de réir Modhanna Clárúcháin. Leagtar amach sa tábla thíos an ceangal idir Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárúchán], 2009 agus Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta, [Clárúchán] 2016.

| RIALACHÁIN CHLÁRÚCHÁIN 2009 | RIALACHÁIN CHLÁRÚCHÁIN 2016 |
|---|---|
| Rialachán a Dó (Bunscolaíocht) | Modh 1: Bunscolaíocht |
| Rialachán a Trí (Montessori & Aicmí Eile | Modh 4: Eile |
| Rialachán a Ceathair (Iar-bhunscolaíocht) | Modh 2: Iar-bhunscolaíocht |
| Rialachán a Cúig (Breisoideachas) | Modh 3: Breisoideachas |

Tabhair ar Aird: Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar Rialacháin 2016 (Clárúchán) ag an gComhairle Mhúinteoireachta.
Nuair atá na Rialacháin tagtha chun críche, foilseofar iad ar www.teachingcouncil.ie

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**
**The Teaching Council**

Bloc A, Campas Gnó Mhaigh Nuad,
Maigh Nuad, Co. Chill Dara, W23 Y7X0, Éire

Guthán +353 1 651 7900

Ríomhphost: info@teachingcouncil.ie

**www.teachingcouncil.ie**

An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council